



An Bhruiséal, 7 Meitheamh 2022
(OR. en)

9934/22
ADD 1

AVIATION 109
DELECT 85

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	2 Meitheamh 2022
chuig:	Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh

Uimh. an doic. ón gCoim.:	C(2022) 3234 final - Iarscríbhinní
Ábhar:	IARSCRÍBHINNÍ a ghabhann leis an RIALACHÁN TARMLIGTHE ÓN gCOIMISIÚN lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 a mhéid a bhaineann le ceanglais níos comhréirí a chur chun feidhme maidir le haerárthaí a úsáidtear don eitlíocht a dhéantar mar spórt agus mar chaitheamh aimsire

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2022) 3234 final - Iarscríbhinní.

Faoi iamh: C(2022) 3234 final - Iarscríbhinní



An Bhruiséil, 2.6.2022
C(2022) 3234 final

ANNEXES 1 to 2

IARSCRÍBHINNÍ

a ghabhann leis an

RIALACHÁN TARMLIGTHE ÓN gCOIMISIÚN

lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 a mhéid a bhaineann le ceanglais níos comhréirí a chur chun feidhme maidir le haerárthaí a úsáidtear don eitlíocht a dhéantar mar spórt agus mar chaitheamh aimsire

IARSCRÍBHINN I

Leasaítear Iarscríbhinn I (Cuid 21) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 mar a leanas:

(1) i Roinn A, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Fhochuid G:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 21.A.133:

‘21.A.133 Incháilitheacht

Beidh aon duine nádúrtha nó dlítheanach (‘eagraíocht’) incháilithe mar iarratasóir ar fhormheas faoin bhFochuid seo. Déanfaidh an t-iarratasóir an méid seo a leanas:

- (a) i gcás raon feidhme sainithe oibre, a léiriú go bhfuil formheas faoin bhFochuid seo iomchuí chun comhréireacht le dearadh ar leith a thaispeáint; agus
- (b) an dearadh sonrach sin a shealbhú, nó iarratas a dhéanamh ar fhormheas ar an dearadh sin; nó
- (c) beidh dearbhú déanta aige nó beidh sé ar intinn aige comhlíonadh a dhearbhu maidir leis an dearadh sonrach sin i gcomhréir le Fochuid C de Roinn A d’Iarscríbhinn Ib (Cuid 21 Solas); nó
- (d) beidh comhordú sásúil idir táirgeadh agus dearadh áirithithe aige, trí shocrú iomchuí a dhéanamh leo seo a leanas:

(1) an t-iarratasóir ar fhormheas ar an dearadh sonrach sin, nó sealbhóir an fhormheasa sin, arna eisiúint i gcomhréir leis an Rialachán seo; nó

(2) an duine nádúrtha nó dlítheanach a mbeidh comhlíonadh dearbhaithe aige maidir leis an dearadh sonrach sin i gcomhréir le Fochuid C de Roinn A d’Iarscríbhinn Ib (Cuid 21 Solas);

(b) i bpointe 21.A.139, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):

‘(d) mar chuid de ghné bainistíochta cáilíochta an chórais bainistíochta táirgthe, déanfaidh an eagraíocht táirgthe an méid seo a leanas:

1. áiritheoidh sí go bhfuil gach táirge, páirt nó fearas a tháirgeann an eagraíocht nó a comhpháirtithe, nó a sholáthraítear ó pháirtithe seachtracha nó a chuirtear amach ar fochonradh chuig páirtithe seachtracha, go bhfuil siad i gcomhréir leis na sonraí deartha is infheidhme agus go bhfuil siad i riocht a n-oibríthe go sábháilte, rud a chumasóidh feidhmiú na bpribhléidí a leagtar amach i bpointe 21.A.163;

2. déanfaidh sí nósanna imeachta rialaithe a bhunú, a chur chun feidhme agus a choinneáil ar bun, de réir mar is iomchuí, laistigh de raon feidhme an fhormheasa maidir leis an méid seo a leanas:

(i) doiciméad a eisiúint, a fhormheas nó a athrú;

(ii) measúnú, iniúchadh agus rialú a dhéanamh ar dhíoltóirí agus fochonraitheoirí;

- (iii) a fhíorú go bhfuil táirgí, páirteanna, ábhair agus trealamh atá ag teacht isteach, lena n-áirítear ítimí nua nó úsáidte a sholáthraíonn ceannaitheoirí táirgí, mar a shonraítear sna sonraí deartha is infheidhme;
 - (iv) sainathint agus inrianaitheacht;
 - (v) próisis mhonaraíochta;
 - (vi) cigireacht agus tástáil, lena n-áirítear tástálacha eitilte táirgthe;
 - (vii) calabhrú uirlisí, díreog agus trealaimh tástála;
 - (viii) rialú ítimí neamhchomhréireacha;
 - (ix) aeracmhainneacht a chomhordú leo seo a leanas:
 - (A) an iarratasóir ar fhorghéara deartha nó sealbhóir an fhorghéara sin;
 - (B) an duine nádúrtha nó dlítheanach a mbeidh comhlíonadh dearbhaithe aige maidir leis an dearadh sonracha sin i gcomhréir le Fochuid C de Roinn A d'Iarscríbhinn Ib (Cuid 21 Solas);
 - (x) taifid a chomhlánú agus a choinneáil;
 - (xi) inniúlacht agus cáilíochtaí an phearsanra;
 - (xii) doiciméid eisiúna aeracmhainneachta a eisiúint;
 - (xiii) láimhsiú, stóráil agus pacáil;
 - (xiv) iniúchtaí cáilíochta inmheánacha agus na gníomhartha ceartaitheacha a rinneadh dá bharr;
 - (xv) obair laistigh de na téarmaí formheasa a dhéantar i suíomh ar bith seachas sna saoráidí formheasta;
 - (xvi) obair a dhéantar tar éis an táirgeadh a bheith déanta ach roimh an seachadadh, chun an t-aerárthach a chothabháil i riocht a oibríthe go sábháilte;
 - (xvii) cead eitilte a eisiúint agus na dálaí eitilte a ghabhann leis sin a fhorghéara.
3. forálacha sonracha a áireamh sna nósanna imeachta rialaithe le haghaidh codanna criticiúla ar bith.?’;
- (c) i bpointe 21.A.145, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):
- ‘(b) maidir leis na sonraí uile is gá i dtaca le haeracmhainneacht agus cosaint an chomhshaoil:
1. go bhfaigheann an eagraíocht táirgthe na sonraí sin ón nGníomhaireacht agus ó shealbhóir an deimhnithe cineáil, nó ó shealbhóir an deimhnithe cineáil, an deimhnithe srianta cineáil nó an fhorghéara dearaidh arna eisiúint i gcomhréir leis an Rialachán seo nó ó dhuine nádúrtha nó dlítheanach a rinne dearbhú comhlíontachta faoi Fhochuid C de Roinn A d'Iarscríbhinn Ib (Cuid 21 Solas), lena n-áirítear aon díolúine arna deonú i gcoinne

na gceanglas maidir le cosaint an chomhshaoil, chun comhréireacht leis na sonraí deartha is infheidhme a chinneadh;

2. go bhfuil nós imeachta bunaithe ag an eagraíocht táirgthe chun a áirithiú go ndéanfar na sonraí i dtaca le haeracmhainneacht agus cosaint an chomhshaoil a ionchorprú i gceart ina sonraí táirgthe;
3. go gcoinnítear na sonraí sin cothrom le dáta agus go gcuirtear ar fáil iad don phearsanra uile a dteastaíonn rochtain ar na sonraí sin uathu chun a ndualgais a chomhlíonadh’;

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 21.A.163:

‘21.A.163 Pribhléidí

De bhun na dtéarmaí formheasa arna n-eisiúint faoi phointe 21.A.135, féadfaidh sealbhóir formheasa eagraíochta táirgthe:

- (a) gníomhaíochtaí táirgthe a dhéanamh faoin Iarscríbhinn seo nó faoi Iarscríbhinn Ib (Cuid 21 Solas);
- (b) i gcás aerárthaí a bhfuil deimhniú cineáil déanta orthu go hiomlán agus nuair a thaispeánfar ráiteas comhréireachta (Foirm 52 EASA) arna eisiúint faoi phointí 21.A.174 agus 21.A.204 den Iarscríbhinn seo nó faoi phointí 21L.A.143(c) agus 21L.A.163 d’Iarscríbhinn Ib (Cuid 21 Solas), gheobhaidh siad deimhniú aeracmhainneachta aerárthaigh agus deimhniú torainn gan choinníoll ar bith eile;
- (c) i gcás táirgí, páirteanna nó fearais eile, deimhnithe scaoilte údaraithe a eisiúint (Foirm 1 EASA) faoin Iarscríbhinn seo (Cuid 21) nó faoi Iarscríbhinn Ib (Cuid 21 Solas) gan choinníoll ar bith eile;
- (d) i gcás aerárthaigh atá faoi réir dearbhú comhlíontachta maidir le dearadh faoi phointe 21L.A.43 d’Iarscríbhinn Ib (Cuid 21 Solas) agus nuair a thíolacfar ráiteas comhréireachta (Foirm 52BEASA) arna eisiúint faoi phointí 21L.A.143(d) agus 21L.A.163 d’Iarscríbhinn Ib (Cuid 21 Solas), gheobhaidh sé deimhniú srianta ar aeracmhainneacht agus deimhniú srianta torainn gan choinníoll ar bith eile;
- (e) i gcás táirgí nó codanna atá le suiteáil ar aerárthach atá faoi réir dearbhú comhlíontachta faoi phointe 21L.A.43 d’Iarscríbhinn Ib (Cuid 21 Solas), deimhnithe eisiúna údaraithe (Foirm 1 EASA) faoi Iarscríbhinn Ib (Cuid 21 Solas) a eisiúint gan choinníoll ar bith eile;
- (f) aerárthach nua a thairg sé a chothabháil agus deimhniú um scaoileadh amach chun seirbhíse a eisiúint (Foirm 53 EASA) i leith na cothabhála sin;
- (g) faoi nósanna imeachta arna gcomhaontú lena húdarás inniúil maidir le táirgeadh, i gcás aerárthaigh atá táirgthe aici agus i gcás ina bhfuil rialú ag an eagraíocht táirgthe féin faoina heagraíocht táirgthe, cumraíocht an aerárthaigh a fhormheas agus a fhianaíonn comhréireacht leis na coinníollacha deartha a formheasadh don eitilt, chun ceadúnas eitilte a eisiúint i gcomhréir le pointe 21.A.711(c) lena n-áirítear formheas na gcoinníollacha eitilte i gcomhréir le pointe 21.A.710(b).’;

(e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 21.A.165:

‘21.A.165 Oibleagáidí an tsealbhóra

De bhun na dtéarmaí formheasa arna n-eisiúint faoi phointe 21.A.135, féadfaidh sealbhóir formheasa eagraíochta táirgthe:

- (a) a áirithiú go n-úsáidfear lámhleabhar na heagraíochta táirgthe a chuirtear ar fáil i gcomhréir le pointe 21.A.143 agus na doiciméid dá dtagraíonn sé mar dhoiciméid oibre bhunúsacha laistigh den eagraíocht;
- (b) an eagraíocht táirgthe a chothabháil i gcomhréir leis na sonraí agus na nósanna imeachta a formheasadh chun an eagraíocht táirgthe a fhorghnó;
- (c)
 1. a chinneadh go bhfuil gach aerárthach lánchríochnaithe i gcomhréir leis an dearadh cineáil agus go bhfuil sé i riocht a oibrithe go sábháilte sula gcuirfidh sé ráitis chomhréireachta faoi bhráid an údaráis inniúil; nó
 2. a chinneadh go bhfuil táirgí, páirteanna nó fearais eile iomlán agus go bhfuil siad i gcomhréir leis na sonraí deartha formheasta nó leis na sonraí deartha dearbhaithe agus go bhfuil siad i riocht le hoibriú sábháilte sula n-eiseofar Foirm 1 EASA chun comhréireacht le sonraí dearaidh formheasta nó dearbhaithe agus le coinníoll maidir le hoibriú sábháilte a dheimhniú;
 3. ina theannta sin, i gcás na gceanglas comhshaoil, an méid seo a leanas a chinneadh:
 - (i) go bhfuil an t-inneall críochnaithe i gcomhréir leis na ceanglais astaíochtaí sceite innill is infheidhme ar dháta monaraithe an innill; agus
 - (ii) go bhfuil an t-eitleán críochnaithe i gcomhréir leis na ceanglais is infheidhme maidir le hastaíochtaí CO₂ ar dháta eisiúna a chéad deimhnithe aeracmhainneachta.
 4. a chinneadh go bhfuil táirgí, páirteanna nó fearais eile i gcomhréir leis na sonraí is infheidhme sula n-eiseofar Foirm 1 EASA mar dheimhniú comhréireachta;
- (d) cúnaimh a chur ar fáil do shealbhóir an deimhnithe cineáil nó an cheadaithe dearaidh eile nó do dhuine nádúrtha nó dlítheanach a rinne dearbhú comhlíontachta maidir le dearadh faoi Fhochuid C de Roinn A d'Iarscríbhinn Ib (Cuid 21 Solas) agus é ag déileáil le haon ghníomhaíochtaí aeracmhainneachta leanúnacha a bhaineann leis na táirgí, na páirteanna nó na fearais a táirgeadh;
- (e) i gcás ina bhfuil sé beartaithe ag an sealbhóir, faoi théarmaí an fhorghnó, deimhniú um scaoileadh amach chun seirbhíse a eisiúint, a chinneadh, sula n-eiseofar an deimhniú, go ndearnadh an chothabháil is gá ar gach aerárthach críochnaithe agus go bhfuil sé i riocht a oibrithe go sábháilte;
- (f) i gcás inarb infheidhme, faoin bpríobhléid i bpointe 21.A.163(e), na coinníollacha a chinneadh faoinar féidir cead eitlete a eisiúint;

- (g) i gcás inarb infheidhme, faoin bpríbléid i bpointe 21.A.163(e), comhlíontacht le pointí 21.A.711 (c) agus (e) a shuí sula n-eiseoidh sé cead eitle;
 - (h) Fochuid A den Roinn seo a chomhlíonadh.’;
- (2) i Roinn A, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Fhochuid H:
- (a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 21.A.171:

‘21.A.171 Raon feidhme

Leis an bhFochuid seo bunaítear an nós imeachta chun deimhnithe aeracmhainneachta a eisiúint d’aerárthaí atá i gcomhréir le deimhniú cineáil a eisíodh i gcomhréir leis an Iarscríbhinn seo.’;

- (b) i bpointe 21.A.174, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):
 - ‘(b) áireofar an méid seo a leanas i ngach iarratas ar dheimhniú aeracmhainneachta nó ar dheimhniú srianta aeracmhainneachta:
 1. aicme an deimhnithe aeracmhainneachta a ndearnadh iarratas ina leith;
 2. maidir le haerárthaí nua:
 - (i) ráiteas comhréireachta:
 - arna eisiúint faoi phointe 21.A.163(b); nó
 - arna eisiúint faoi phointe 21.A.130 agus arna bhailíochtú ag an údarás inniúil; nó
 - i gcás aerárthaigh allmhairithe, ráiteas comhréireachta a eiseofar faoi phointe 21.A.163(b) nó, i gcás aerárthaigh arna allmhairiú i gcomhréir le hAirteagal 9(4) den Rialachán seo, ráiteas arna shíniú ag an údarás onnmhairíochta á rá go bhfuil an t-aerárthach i gcomhréir le dearadh arna fhorghéas ag an nGníomhaireacht;
 - (ii) tuarascáil meáchain agus cothromaíochta le sceideal lódála agus;
 - (iii) an lámhleabhar eitle, nuair a cheanglaítear sin leis na sonraíochtaí deimhniúcháin is infheidhme don aerárthach ar leith.
 3. maidir le haerárthaí úsáidte de thionscnamh:
 - (i) Ballstáit, deimhniú um athbhreithniú aeracmhainneachta arna eisiúint i gcomhréir le hIarscríbhinn I (Cuid-M) nó Iarscríbhinn Vb (Cuid-ML) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014 ón gCoimisiún¹;
 - (ii) Stáit nach Ballstát é:

¹ Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014 ón gCoimisiún an 26 Samhain 2014 maidir le haeracmhainneacht leanúnach na n-aerárthach agus táirgí, páirteanna agus fearais aerloingseoireachta, agus maidir le formheas na n-eagraíochtaí agus an phearsanra a bhfuil baint acu leis na cúraimí sin (IO L 362, 17.12.2014, lch. 1).

- ráiteas ó údarás inniúil an Stáit ina bhfuil nó ina raibh an t-aerárthach cláraithe, ráiteas a léireoidh stádas aeracmhainneachta an aerárthaigh ar a chlár tráth an aistrithe;
- tuarascáil meáchain agus cothromaíochta le sceideal lódála agus;
- an lámhleabhar eiltle nuair a cheanglaítear lámhleabhar den sórt sin de réir chód aeracmhainneachta an aerárthaigh;
- taifid stairiúla chun caighdeán táirgthe, modhnaithe agus cothabhála an aerárthaigh a shuí, lena n-áirítear na teorainneacha go léir a bhaineann le deimhniú srianta ar aeracmhainneacht arna eisiúint i gcomhréir le pointe 21.B.327;
- moladh maidir le deimhniú aeracmhainneachta nó deimhniú srianta ar aeracmhainneacht agus deimhniú athbhreithnithe aeracmhainneachta a eisiúint de bhun athbhreithniú aeracmhainneachta i gcomhréir le hIarscríbhinn I (Cuid-M) nó le hIarscríbhinn Vb (Cuid-ML) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014;
- an dáta a eisíodh an chéad deimhniú aeracmhainneachta agus, má tá feidhm ag caighdeáin Imleabhar III d'Iarscríbhinn 16 a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta, na sonraí maidir le luach méadrach CO₂;

(3) i Roinn A, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Fhochuid I:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 21.A.201:

‘21.A.201 Raon Feidhme

Leis an bhFochuid seo bunaítear an nós imeachta chun deimhnithe aeracmhainneachta a eisiúint d'aerárthaí atá i gcomhréir le deimhniú cineáil a eisíodh i gcomhréir leis an Iarscríbhinn seo.’;

(b) i bpointe 21.A.204, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

‘(b) beidh na nithe seo a leanas i ngach iarratas:

1. maidir le haerárthaí nua:

(i) ráiteas comhréireachta:

- arna eisiúint faoi phointe 21.A.163(b); nó
- arna eisiúint faoi phointe 21.A.130 agus arna bhailíochtú ag an údarás inniúil; nó
- i gcás aerárthaigh allmhairithe, ráiteas comhréireachta a eiseofar faoi phointe 21.A.163(b) nó, i gcás aerárthaigh arna allmhairiú i gcomhréir le hAirteagal 9(4) den Rialachán seo, ráiteas arna shíniú ag an údarás

onnmhairíochta á rá go bhfuil an t-aerárthach i gcomhréir le dearadh arna fhorghas ag an nGníomhaireacht; agus

- (ii) an fhaisnéis torainn a chinnfear i gcomhréir leis na ceanglais torainn is infheidhme;

2. maidir le haerárthaí nua:

- (i) an fhaisnéis torainn a chinnfear i gcomhréir leis na ceanglais torainn is infheidhme; agus
- (ii) taifid stairiúla chun caighdeán táirgthe, modhnaithe agus cothabhála an aerárthaigh a shuí.’;

(4) i Roinn A, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Fochuid J:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 21.A.233:

‘21.A.233 Incháilitheacht

Beidh aon duine nádúrtha nó dlítheanach (‘eagraíocht’) incháilithe mar iarratasóir ar fhorghas faoin bhFochuid seo:

- (a) chun comhlíonadh phointí 21.A.14, 21.A.112B, 21.A.432B nó 21.A.602B den Iarscríbhinn seo a léiriú; nó
- (b) chun comhlíonadh phointí 21L.A.23, 21L.A.83 nó 21L.A.204 d’Iarscríbhinn Ib a léiriú (Cuid 21 Solas); nó
- (c) chun pribhléidí a fháil faoi phointe 21.A.263 maidir le mionathruithe nó miondearadh deisiúcháin a fhorghas, nó dearbhuithe comhlíontachta a eisiúint i ndáil le mionathruithe nó miondearadh deisiúcháin ar aerárthaí ar dearbhaíodh comhlíonadh dearaidh ina leith i gcomhréir le Fochuid C de Roinn A d’Iarscríbhinn Ib (Cuid 21 Solas).’;

(b) i bpointe 21.A.239, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d)]:

‘(d) mar chuid de ghné dearbhaithe deartha an chórais bainistíochta deartha, déanfaidh an eagraíocht deartha an méid seo a leanas:

1. córas a bhunú, a chur i bhfeidhm agus a choinneáil ar bun chun rialú agus maoirseacht a dhéanamh ar dhearadh, agus ar athruithe agus deisiúcháin ar dhearadh, ar tháirgí, ar pháirteanna agus ar fhearais atá clúdaithe ag téarmaí an fhorghasa; déanfar an méid seo a leanas leis an gcóras sin:

- (i) áireofar leis feidhm aeracmhainneachta atá freagrach as a áirithiú go gcomhlíonann dearadh táirgí, páirteanna agus fearas, nó athruithe ar dhearadh agus deisiú, an bonn deimhnithe cineáil is infheidhme, sonraíochtaí teicniúla maidir le deimhnithe a dhéanamh, an bonn deimhnithe is infheidhme i ndáil le sonraí maidir le hoiriúnacht oibríochtúil agus na ceanglais maidir le cosaint an chomhshaoil;
- (ii) áiritheoidh sé go gcomhlíonann an eagraíocht deartha a cuid freagrachtaí mar is ceart i gcomhréir leis an Iarscríbhinn seo agus le téarmaí an fhorghasa a eisítear faoi phointe 21.A.251;

2. feidhm fíorúcháin neamhspleách a bhunú, a chur chun feidhme agus a choinneáil ar bun ar a bonn a léiríonn an eagraíocht deartha go bhfuil na ceanglais is infheidhme maidir le haeracmhainneacht, na sonraí maidir le hoiriúnacht oibríochtúil agus cosaint an chomhshaoil á gcomhlíonadh; agus
 3. an bealach a shonrú ina dtugann an córas bainistíochta deartha cuntas ar inghlacthacht na bpáirteanna nó na bhfearas a dhearann a chomhpháirtithe nó a fhochonraitheoirí nó na cúraimí a dhéanann siad de réir na modhanna atá faoi réir nósanna imeachta i scríbhinn;
- (c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 21.A.263:

‘21.A.263 Pribhléidí

- (a) (Forchoimeádta)
- (b) (Forchoimeádta)
- (c) Beidh sealbhóir fhormheas na heagraíochta deartha i dteideal, laistigh de raon feidhme théarmaí an fhormheasa arna n-eisiúint faoi phointe 21.A.251 agus faoi nósanna imeachta ábhartha an chórais bainistíochta deartha:”:
 1. athruithe ar dheimhniú cineáil nó ar dheimhniú cineáil forlíontach agus ar dhearaí deisiúcháin forlíontacha a aicmiú mar athruithe ‘móra’ nó ‘mionathruithe’;
 2. mionathruithe ar dheimhniú cineáil nó ar dheimhniú cineáil forlíontach agus miondearthaí deisiúcháin faoin Iarscríbhinn seo (Cuid 21) nó faoi Iarscríbhinn Ib (Cuid 21 Solas) a fhormheas;
 3. a dhearbhu go bhfuil mionathrú nó miondeisiú á chomhlíonadh maidir le dearadh aerárthaigh dá bhfuil comhlíonadh deartha dearbhaithe ag an dearbhóir faoi phointe 21L.A.43 d’Fhochuid C de Roinn A d’Iarscríbhinn Ib (Cuid 21 Solas);
 4. comhlíonadh dearadh aerárthaigh athraithe a dhearbhu, i gcomhréir le pointe 21L.A.43 d’Iarscríbhinn Ib (Cuid 21 Solas) i gcás nach bhfuil an duine nádúrtha nó dlítheanach a rinne dearbhú comhlíontachta i ndáil leis an aerárthach sin i ndáil leis an aerárthach sin faoi phointe 21L.A.43 d’Iarscríbhinn Ib (Cuid 21 Solas) gníomhach a thuilleadh nó nach bhfreagraíonn sé d’iarrataí ar dhearbhu comhlíontachta maidir le hathruithe ar an dearadh;
 5. mórdearaí áirithe deisiúcháin faoi Fhochuid M den Iarscríbhinn seo maidir le táirgí nó aonaid chumhachta chúnta (APUanna) a fhormheas;
 6. na dálaí eitilte faoina bhféadfar ceadúnas eitilte a eisiúint i gcomhréir le pointe 21.A.710(a)(2) a fhormheas i gcás aerárthaí áirithe, ach amháin i gcás ceadanna eitilte atá le heisiúint chun críche phointe 21.A.701(a)(15);
 7. chun ceadúnas eitilte a eisiúint i gcomhréir le pointe 21.A.711(b) le haghaidh aerárthaigh atá deartha nó modhnaithe aige, nó a bhfuil formheas faighte aige ina leith, i gcomhréir le pointe

21.A.263(c)(6), na dálaí eitilte faoinar féidir an ceadúnas eitilte a eisiúint, agus maidir le sealbhóir formheasa eagraíochta deartha féin:

- (i) go rialaíonn sé cumraíocht an aerárthaigh, agus
- (ii) go bhfianaíonn sé go bhfuil na coinníollacha deartha arna bhformheas don eitilt á gcomhlíonadh;

8. mórathruithe áirithe ar dheimhniú cineáil a fhorpheas faoi Fhochuid D den Iarscríbhinn seo nó faoi Fhochuid D de Roinn A d'Iarscríbhinn Ib (Cuid 21 Solas); agus

9. deimhnithe cineáil forlíontacha áirithe a eisiúint faoi Fhochuid E den Iarscríbhinn seo nó faoi Fhochuid E de Roinn A d'Iarscríbhinn Ib (Cuid 21 Solas) agus mórathruithe áirithe ar na deimhnithe sin a fhorpheas.’;

(d) i bpointe 21.A.265, cuirtear an méid seo a leanas in ionad pointe (c):

‘(c) cinnteoidh sé go gcomhlíonann dearadh na dtáirgí, nó na hathruithe nó na deisiúcháin a dhéantar orthu, an bonn deimhnithe cineáil is infheidhme, na sonraíochtaí teicniúla maidir le deimhnithe a dhéanamh, an bonn deimhnithe i ndáil le sonraí maidir le hoiriúnacht oibríochtúil, agus na ceanglais maidir le cosaint an chomhshaoil, agus nach bhfuil aon ghnéithe neamhshábháilte i gceist leo;’;

(5) i gCuid A, Fochuid K, i bpointe 21.A.307, cuirtear an pointe (b)(7) seo a leanas isteach:

‘7. páirt nó fearas a mhonaraíonn duine nó eagraíocht dá dtagraítear in Airteagal 9(4) den Rialachán seo;’;

(6) In Aguisín I, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an téacs i dteideal ‘Treoracha maidir le húsáid Fhoirm 1 EASA’:

‘Ní bhaineann na treoracha seo ach le húsáid Fhoirm 1 EASA chun críocha táirgthe. Tarraingítear aird ar Fhoscríbhinn II a ghabhann le hIarscríbhinn I (Cuid-M) de Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014 lena gcomhdaítear úsáid Fhoirm 1 EASA chun críocha cothabhála.

1. CUSPÓIR AGUS ÚSÁID

1.1. Is é príomhchuspóir an deimhnithe aeracmhainneacht táirgí, páirteanna agus fearas eitlíochta nua (‘an ítim nó na hítimí’) a dhearbhu.

1.2. Ní mór comhghaol idir an deimhniú agus an ítim/na hítimí a shuí. Ní mór don tionscnóir deimhniú a choinneáil i bhfoirm lenar féidir na sonraí bunaidh a fhíorú.

1.3. Tá glacadh ag a lán údarás aeracmhainneachta leis an deimhniú, ach d’fhéadfadh sé sin a bheith ag brath ar chomhaontuithe déthaobhacha agus/nó ar bheartas an údaráis aeracmhainneachta.

1.4. Ní nóta seachadta ná loingseoireachta é an deimhniú.

1.5. Ní scaoilfear an t-aerárthach leis an deimhniú.

- 1.6. Ní hionann an deimhniú agus formheas maidir leis an ítim a shuiteáil ar aerárthach, ar inneall ná ar lián ar leith ach cuidíonn sé leis an úsáideoir deiridh a stádas formheasa aeracmhainneachta a chinneadh.
- 1.7. Ní cheadaítear meascán de hítimí táirgthe a scaoiltear agus de hítimí cothabhála a scaoiltear ar an deimhniú céanna.
- 1.8. Ní cheadaítear meascán d'ítimí a dheimhnítear i gcomhréir le 'sonraí formheasta' agus le 'sonraí neamhcheadaithe' ar an deimhniú céanna.

2. FORMÁID GHINEARÁLTA

- 2.1. Ní mór don ráiteas comhréireachta cloí leis an múnla, lena n-áirítear na blocuimhreacha agus suíomh gach bloic. Féadfar méid gach bloic a athrú, áfach, chun go n-oirfeadh sé don iarratas aonair, ach ní féidir é a athrú a mhéid a d'fhágfadh sé nach bhféadfaí an deimhniú a aithint.
- 2.2. Ní mór an teastas a bheith i bhformáid 'dírdhreacha', ach d'fhéadfadh méadú suntasach nó laghdú suntasach teacht ar a mhéid iomlán fad is a bheidh an teastas inaitheanta agus inléite. Má bhíonn aon amhras ann, téigh i gcomhairle leis an údarás inniúil.
- 2.3. Is féidir an ráiteas freagrachta úsáideora/suiteálaí a chur ar cheachtar taobh den fhoirm.
- 2.4. Ní mór don phriontáil ar fad a bheith soiléir agus soléite ionas gur féidir léamh go héasca.
- 2.5. Féadfar an deimhniú a réamhphriontáil nó féadfar é a chruthú ar ríomhaire ach i gceachtar cás, ní mór do chlódóireacht na línte agus na gcarachtar a bheith soiléir agus inléite agus i gcomhréir leis an bhformáid atá sainithe.
- 2.6. Ba cheart an deimhniú a bheith i mBéarla, agus más iomchuí, i gceann amháin nó níos mó de theangacha eile.
- 2.7. Is féidir na sonraí atá le cur isteach ar an teastas a phriontáil le meaisín/ríomhaire nó lámhscríofa ag baint úsáide as bloclitreacha agus ní mór iad a bheith éasca le léamh.
- 2.8. Úsáid giorrúchán a theorannú don íosmhéid, chun cabhrú le soiléireacht.
- 2.9. Féadfaidh an tionscnóir an spás atá fágtha ar chúl an deimhnithe a úsáid le haghaidh aon fhaisnéise breise ach ní fhéadfaidh sé aon ráiteas deimhniúcháin a chur san áireamh. Ní mór tagairt a dhéanamh d'aon úsáid a bhaintear as cúl an deimhnithe sa bhloc cuí ar haghaidh an deimhnithe.

3. CÓIPEANNA

- 3.1. Níl aon srian ar líon na gcóipeanna den deimhniú a sheoltar chuig an gcustaiméir ná a choinníonn an tionscnóir.

4. EARRÁID(Í) AR DHEIMHNIÚ

- 4.1. Má aimsíonn úsáideoir deiridh earráid/earráidí ar dheimhniú, ní mór dó é (iad) a shainaithint i scríbhinn don tionscnóir. Féadfaidh an tionscnóir deimhniú nua a eisiúint más féidir leo an earráid nó na hearráidí a fhíorú agus a cheartú.

- 4.2. Ní mór uimhir rianaithe nua, síniú nua agus dáta a bheith ag an deimhniú nua.
- 4.3. Féadfar an t-iarratas ar dheimhniú nua a urramú gan athfhíorú a dhéanamh ar choinníoll na míre/na míreanna. Ní ráiteas ar an gcoinníoll reatha é an deimhniú nua agus ba chóir dó tagairt a dhéanamh don deimhniú a bhí ann roimhe seo i mbloc 12 leis an ráiteas seo a leanas: ‘Leis an deimhniú seo, ceartaítear an earráid/na hearráidí i mbloc/i mbloic [cuirtear isteach an bloc/na bloic atá ceartaithe] ar an deimhniú [cuir isteach an bhnuimhir rianaithe] dar dáta [cuir isteach an dáta bunaidh eisiúna] agus ní chumhdaíonn sé comhréireacht/coinníoll/scaoileadh chun seirbhíse’. Ba cheart an dá dheimhniú a choinneáil i gcomhréir leis an tréimhse choinneála a bhaineann leis an gcéad cheann.

5. COMHLÁNÚ AN RÁITIS COMHRÉIREACHTA AG AN TIONSCNÓIR

- Bloc 1* Údarás inniúil/Tír a fhortheas
- Luagh ainm agus tír an údaráis inniúil ar faoina dhlínse a eisítear an deimhniú seo. Nuair is é an t-údarás inniúil an Ghníomhaireacht, ní mór nach luafar ach ‘EASA’.
- Bloc 2* Foirm 1 EASA - Ceanntásc
- ‘DEIMHNIÚ EISIÚNA ÚDARAITHE EASA – FOIRM 1’
- Bloc 3* An fhoirm- Uimhir rianaithe
- Cuir isteach an uimhir uathúil arna bunú ag córas uimhrithe/nós imeachta na heagraíochta a aithnítear i mbloc 4; D’fhéadfadh carachtair alfa/uimhriúla a bheith san áireamh anseo.
- Bloc 4* Ainm agus Seoladh na heagraíochta
- Cuir isteach ainm iomlán agus seoladh iomlán na heagraíochta táirgthe (féach Foirm 55, Bileog A de chuid EASA) nó daoine nádúrtha nó dlítheanacha a scaoileann an ítim/na hítimí a chumhdaítear leis an deimhniú seo. Ceadaítear lógónna, srl. na heagraíochta más féidir iad a choinneáil laistigh den bhloc.
- Bloc 5* Ordú Oibre/Conradh/Sonrasc
- Chun inrianaitheacht na hítimí/na n-ítimí a éascú, cuir isteach uimhir an ordaithe oibre, uimhir an chonartha, uimhir an tsonraisc, nó uimhir thagartha den chineál céanna.
- Bloc 6* Ítim
- Cuir isteach uimhreacha ítimí líne nuair a bhíonn níos mó ná ítim líne amháin. Ceadaíonn an bloc seo crostagairt éasca do na Ráitis i mbloc 12.
- Bloc 7* Tuairisc
- Cuir isteach ainm nó tuairisc na hítimí. Ba cheart tús áite a thabhairt don téarma a úsáidtear sna teoracha maidir le haeracmhainneacht leanúnach nó sonraí cothabhála (e.g. Catalóg Páirteanna le Léaráidí, Lámhleabhar Cothabhála

Aerárthaí, Feasachán Seirbhíse, Lámhleabhar Cothabhála Comhpháirteanna).

Bloc 8 Uimhir pháirte

Cuir isteach uimhir na páirte mar atá sé ar an ítim nó ar an gclib/pacáistíocht. I gcás innill nó liáin, féadfar an t-ainmniú cineáil a úsáid.

Bloc 9 Cainníocht

Luaigh líon na n-ítimí.

Bloc 10 Sraithuimhir

Má cheanglaítear le rialachán an ítim a shainnithint le sraithuimhir, cuir isteach anseo é. Ina theannta sin, féadfar aon tsraithuimhir eile nach gceanglaítear le rialachán a chur isteach freisin. Mura bhfuil aon sraithuimhir sainaitheanta ar an ítim, cuir isteach ‘N/A’.

Bloc 11 Stádas/Obair

Cuir isteach ‘PROTOTYPE’ nó ‘NEW’.

Cuir isteach ‘PROTOTYPE’ in ionad:

- (i) ítim nua a tháirgeadh i gcomhréir le sonraí maidir leis an dearadh neamhfaofa;
- (ii) Ítim nua a tháirgeadh i gcomhréir le sonraí deartha nár dhearbhaigh dearbhóir go fóill i gcomhréir le Fochuid C, le Fochuid F nó le Fochuid N de Roinn A d’Iarscríbhinn Ib (Cuid 21 Solas);
- (iii) deimhniú athdheimhnithe ag an eagraíocht a sainnithníodh i mbloc 4 ar an deimhniú roimhe sin tar éis oibre athraithe nó ceartúcháin ar mhír, sula gcuirtear i seirbhís í, (e.g. tar éis athrú ar an dearadh a ionchorprú, locht a cheartú, iniúchadh nó tástáil a dhéanamh, nó seilfré a athnuachan). Tá sonraí maidir leis an mbunseisiúint agus maidir leis an obair athraithe nó ceartúcháin le cur isteach i mbloc 12;

Cuir isteach ‘PROTOTYPE’ in ionad:

- (i) ítim nua a tháirgeadh i gcomhréir le sonraí maidir leis an dearadh faofa;
- (ii) ítim nua a tháirgeadh i gcomhréir le sonraí deartha nár dhearbhaigh dearbhóir go fóill i gcomhréir le Fochuid C, le Fochuid F nó le Fochuid N de Roinn A d’Iarscríbhinn Ib (Cuid 21 Solas);
- (iii) deimhniú athdheimhnithe ag an eagraíocht a sainnithníodh i mbloc 4 ar an deimhniú roimhe sin tar éis oibre athraithe nó ceartúcháin ar ítim, sula gcuirtear i seirbhís í, (e.g. tar éis athrú ar an dearadh a ionchorprú, locht a cheartú, iniúchadh nó tástáil a dhéanamh, nó seilfré a athnuachan). Tá sonraí maidir leis an

mbunaisiúint agus maidir leis an obair athraithe nó ceartúcháin le cur isteach i mbloc 12;

- (iv) deimhniú athdheimhnithe ag an monaróir táirge nó ag an eagraíocht atá sainaitheanta i mbloc 4 ar an deimhniú roimhe seo maidir le hítimí ó ‘fréamhshamhail’ (i gcomhréir le sonraí neamhfaofa amháin) go ‘nua’ (comhréireacht le sonraí formheasta agus i gcoinníoll le haghaidh oibriú sábháilte), tar éis na sonraí deartha is infheidhme a fhorpheas, ar choinníoll nár athraíodh sonraí an deartha.

Maidir le táirgí deimhnithe, ní mór an ráiteas seo a leanas a chur isteach i mbloc 12:

'ATHDHEIMHNIÚ ÍTIMÍ Ó 'PHRÓTAITÍOPA' GO 'NUA':
DEIMHNÍONN AN DOICIMÉAD SEO GUR
FORMHEASADH NA SONRAÍ DEARTHA [CUIR ISTEACH
UIMHIR TC/STC, LEIBHÉAL ATHBHREITHNITHE], DAR
DÁTA [CUIR ISTEACH AN DÁTA IS GÁ CHUN STÁDAS
ATHBHREITHNITHE A AITHINT], AR MONARAÍODH AN
MHÍR SEO (NA MÍREANNA SEO) MAIDIR LEO.'

Ba cheart an bosca ‘sonraí maidir le dearadh formheasta agus atá i riocht oibríochta sábháilte’ a mharcáil i mbloc 13a;

Maidir le haerárthaí atá faoi réir dearbhú comhlíontachta maidir le dearadh i gcomhréir le Fochuid C de Roinn A d’Iarscríbhinn Ib (Cuid 21 Solas), ní mór an ráiteas seo a leanas a iontráil i mbloc 12:

'ATHDHEIMHNIÚ ÍTIMÍ Ó 'PHRÓTAITÍOPA' GO 'NUA':
LEIS AN DOICIMÉAD SEO, DEARBHAÍTEAR DEARBHÚ
NA SONRAÍ DEARTHA [CUIR ISTEACH TAGAIRT AN
DEARBHAITHE, LEIBHÉAL AN ATHBHREITHNITHE],
DAR DÁTA AN [CUIR ISTEACH DÁTA MÁ'S GÁ CHUN
STÁDAS ATHBHREITHNITHE A AITHINT], AR
MONARAÍODH AN ÍTM SEO (NA HÍTIMÍ SEO) MAIDIR
LEO.'

- (v) scrúdú ar ítim nua a scaoileadh roimhe sin roimh í a chur i seirbhís i gcomhréir le caighdeán nó sonraíocht arna sonrú ag custaiméir (sonraí maidir leis sin agus maidir leis an scaoileadh bunaidh le hiontráil i mbloc 12) nó le haeracmhainneacht a bhunú (tá míniúchán ar bhonn an scaoilte agus sonraí maidir leis an scaoileadh bunaidh le hiontráil i mbloc 12).

Bloc 12 Barúlacha

Tabhair tuairisc ar an obair a aithníodh i mbloc 11, cibé acu go díreach nó trí thagairt do dhoiciméid tacaíochta, atá riachtanach don úsáideoir nó don suiteálaí chun aeracmhainneacht na míre/na míreanna i ndáil leis an obair atá á deimhniú a chinneadh. Más gá, féadfar bileog ar leith a úsáid agus féadfar tagairt a dhéanamh dó ó Fhoirm 1 EASA. Ní mór a shonrú go

soiléir i ngach ráiteas cad é an mhír/na míreanna i mbloc 6 lena mbaineann sé. Mura bhfuil aon ráiteas ann, luaigh ‘NÍ ANN DÓ’.

Cuir isteach an t-údar atá le scaoileadh do shonraí maidir le dearadh neamhfaofa i mbloc 12 (e.g. deimhniú cineáil atá ar feitheamh, le haghaidh tástála amháin, ar feitheamh sonraí faofa).

Ítim nua a tháirgeadh i gcomhréir le sonraí deartha nár dhearbhaigh dearbhóir go fóill i gcomhréir le Fochuid C, le Fochuid F nó le Fochuid N de Roinn A d’Iarscríbhinn Ib (Cuid 21 Solas), áireofar an ráiteas seo a leanas i mBloc 12:

‘DEARBHÚ AR CHOMHLÍONTACHT DEARAIDH I gCOMHRÉIR LE SUBCUID C, F NÓ N de Roinn A d’Iarscríbhinn Ib (Cuid 21 Solas)’

Más rud é gur táirgeadh an ítim i gcomhréir le sonraí deartha a dhearbhaigh an dearbhóir i gcomhréir le Fochuid C, le Fochuid F nó le Fochuid N de Roinn A d’Iarscríbhinn Ib (Cuid 21 Solas), cuirfeadh an ráiteas seo a leanas san áireamh i mBloc 12:

‘TÁIRGTHE I gCOMHRÉIR LE SONRAÍ DEARAIDH DEIMHNIÚ COMHLÍONADH AN DEARAIDH DE RÉIR FHOCHUID C, F NÓ N de Roinn A d’Iarscríbhinn Ib (Cuid 21 Solas)’

Má phriontáiltear na sonraí ó Fhoirm leictreonach EASA 1, ba cheart aon sonraí nach bhfuil oiriúnach i mbloic eile a chur isteach sa bhloc seo.

Bloc 13a

Ná marcáil ach ceann amháin den dá bhosca:

1. Marcáil na ‘sonraí maidir leis an dearadh formheasta agus má tá siad i riocht le haghaidh oibriú sábháilte’ más rud é gur monaraíodh an ítm/na hítimí le sonraí formheasta maidir le dearadh agus go bhfuarthas go raibh siad i riocht lena n-oibriú go sábháilte.
2. Marcáil na ‘sonraí maidir le dearadh neamhcheadaithe a shonraítear i mbloc 12’ má monaraíodh an mhír/na míreanna ag baint úsáide as sonraí deartha neamhcheadaithe is infheidhme.

Déanfar an bosca seo a mharcáil freisin nuair a tháirgtear an mhír i gcomhréir le sonraí deartha a dearbhaíodh i gcomhréir le Fochuid C, Fochuid F agus Fochuid N de Roinn A d’Iarscríbhinn Ib (Cuid 21 Solas).

Na sonraí i mbloc 12 a shainaithint (e.g. deimhniú cineáil atá ar feitheamh, le haghaidh tástála amháin, ar feitheamh sonraí ceadaithe, comhréireacht le sonraí deartha ó dhearbú comhlíontachta i gcomhréir le Fochuid C, Fochuid F nó N de Roinn A d’Iarscríbhinn Ib (Cuid 21 Solas).

Ní cheadaítear meascáin d'ítimí a scaoiltear i gcoinne sonraí maidir le dearadh ceadaithe agus neamhceadaithe ar an deimhniú céanna.

Bloc 13b Síniú údaraithe

Comhlánófar an spás sin le síniú an duine údaraithe. Ní cheadaítear ach do dhaoine atá údaraithe go sonrath faoi rialacha agus faoi bheartais an údaráis inniúil an bloc sin a shíniú. Chun cabhrú le haitheantas, féadfar uimhir uathúil a chur isteach lena sainaitheofar an duine údaraithe.

Bloc 13c Formheas/Uimhir Údaraithe

Iontráil an formheas/uimhir an údaraithe/an tagairt. Is é an t-údarás inniúil a eísonn an uimhir sin nó an tagairt seo d'eagraíochtaí táirgthe formheasta nó dearbhaithe (do chodanna a tháirgtear faoi Iarscríbhinn Ib (Cuid 21 Solas). Má tháirg an eagraíocht cuid a chomhlíonann sonraí arna ndearbhú ag dearbhóir i gcomhréir le Fochuid C, le Fochuid F nó le Fochuid N de Roinn A d'Iarscríbhinn Ib (Cuid 21 Solas) agus nach eagraíocht fhortheasta ná eagraíocht táirgthe dhearbhaithe í an eagraíocht, ba cheart dóibh an ráiteas seo a leanas a chur isteach:

'TÁIRGTHE FAOI FHOCHUID R de Roinn A d'Iarscríbhinn Ib (Cuid 21 Solas)'

Bloc 13d Ainm

Iontráil ainm an duine atá ag síniú bloc 13b i bhfoirm inléite.

Bloc 13e Dáta

Cuir isteach an dáta sínithe ar bhloc 13b, ní mór an dáta a bheith san fhormaid dd = 2 digit lá, mmm = an chéad 3 litir den mhí, yyyy = 4 digit den bhliain.

Bloc 14a-14e Ceanglais ghinearálta do bhloic 14a-14e:

Nach n-úsáidtear chun táirgeadh a scaoileadh. Déan scáth, dorchú nó marc ar shlí eile chun úsáid neamhaireach nó neamhúdaraithe a chosc.

Freagrachtaí Úsáideora/Suiteálaithe

Cuir an ráiteas seo a leanas ar an deimhniú chun fógra a thabhairt d'úsáideoirí deiridh nach scaoiltear iad óna bhfreagrachtaí maidir le suiteáil agus úsáid aon ní a bhfuil an fhoirm ag gabháil leis:

'NÍ HIONANN AN DEIMHNIÚ SEO AGUS ÚDARÁS CHUN SUITEÁIL GO HUATHOIBRÍOCH.

I GCÁS INA NDÉANANN AN T-ÚSÁIDEOIR/SUITEÁLAÍ OBAIR I GCOMHRÉIR LE RIALACHÁIN ÚDARÁIS AERFHIÚNTAIS ATÁ ÉAGSÚIL LEIS AN ÚDARÁS AERFHIÚNTAIS ATÁ SONRAITHE I MBLOC 1, TÁ SÉ FÍOR-RIACHTANACH GO N-ÁIRITHÍONN AN

T-ÚSÁIDEOIR/AN SUITEÁLAÍ GO NGLACANN A ÚDARÁS AERFHIÚNTAIS LE HÍTIMÍ ÓN ÚDARÁS AERFHIÚNTAIS SONRAITHE I MBLOC 1.

NÍ HIONANN RÁITIS I MBLOC 13A AGUS I MBLOC 14A AGUS DEIMHNIÚ SUITEÁLA. I NGACH CÁS, NÍ MÓR DEIMHNIÚ SUITEÁLA, ARNA EISIÚINT I GCOMHRÉIR LEIS NA RIALACHÁIN NÁISIÚNTA AG AN ÚSÁIDEOIR/SUITEÁLAÍ, A BHEITH I DTAIFID CHOOTHABHÁLA AERÁRTHAIGH SULA BHFÉADFAR EITILT AR AN AERÁRTHACH.'

IARSCRÍBHINN II

Cuirtear isteach Iarscríbhinn Ib (Cuid 21 Solas) seo a leanas:

‘Clár

21L.1 Raon Feidhme

21L.2 Údarás inniúil

ROINN A – CEANGLAIS THEICNIÚLA

FOCHUID A – FORÁLACHA GINEARÁLTA

21L.A.1 Raon Feidhme

21L.A.2 Oibleagáidí agus gníomhaíochtaí arna gcur i gcrích ag duine seachas iarratasóir ar dheimhniú, nó sealbhóir deimhnithe, nó ag dearbhóir dearbhaithe comhlíontachta

21L.A.3 Córais tuairiscithe

21L.A.4 Treoracha maidir le haeracmhainneacht

21L.A.5 Comhoibriú idir dearadh agus táirgeadh

21L.A.6 Marcáil

21L.A.7 Taifid a choimeád

21L.A.8 Lámhleabhair

21L.A.9 Treoracha le haghaidh aeracmhainneacht leanúnach

21L.A.10 Rochtain agus imscrúdú

21L.A.11 Torthaí agus barúlacha

21L.A.12 Modhanna comhlíontachta

FOCHUID B – DEIMHNITHE CINEÁIL

21L.A.21 Raon feidhme

21L.A.22 Incháilitheacht

21L.A.23 Léiriú ar chumas deartha

21L.A.24 Iarratas ar dheimhniú cineáil

21L.A.25 Comhlíontacht a léiriú

21L.A.26 Dearadh cineáil

21L.A.27 Ceanglais maidir le deimhniú cineáil a eisiúint

21L.A.28 Oibleagáidí sealbhóra deimhnithe cineáil

21L.A.29 Inaistritheacht deimhnithe cineáil

21L.A.30 Leanúint de bhailíocht deimhnithe cineáil

FOCHUID C – DEARBHUITHE COMHLÍONTACHTA MAIDIR LE DEARADH AERÁRTHAÍ

21L.A.41 Raon feidhme

21L.A.42 Incháilitheacht

21L.A.43 Dearbhú comhlíontachta maidir le dearadh

- 21L.A.44 Gníomhaíochtaí comhlíonta do dhearbú comhlíontachta maidir le dearadh
- 21L.A.45 Mionsonraíochtaí teicniúla agus ceanglais maidir le cosaint an chomhshaoil is infheidhme maidir le haerárthaí atá faoi réir dearbhuithe maidir le comhlíonadh deartha
- 21L.A.46 Sonraí deartha aerárthaí
- 21L.A.47 Oibleagáidí dhearbhaithe comhlíontachta deartha
- 21L.A.48 Neamh-inaistritheacht dearbhaithe comhlíontachta maidir le dearadh aerárthaí
- FOCHUID D – ATHRUITHE AR DHEIMHNITHE CINEÁIL**
- 21L.A.61 Raon Feidhme
- 21L.A.62 Athruithe caighdeánacha
- 21L.A.63 Aicmiú na n-athruithe ar dheimhniú cineáil
- 21L.A.64 Incháilitheacht
- 21L.A.65 Iarratas ar athrú ar dheimhniú cineáil
- 21L.A.66 Comhlíontacht a léiriú
- 21L.A.67 Ceanglais maidir le mionathrú ar dheimhniú cineáil a fhaomhadh
- 21L.A.68 Ceanglais maidir le mórathrú ar dheimhniú cineáil a fhaomhadh
- 21L.A.69 Athrú ar dheimhniú cineáil a fhorfhormheas faoi phribhléid
- 21L.A.70 Oibleagáidí maidir le mionathruithe ar dheimhniú cineáil
- FOCHUID E – DEIMHNITHE FORLÍONTACHA CINEÁIL**
- 21L.A.81 Raon Feidhme
- 21L.A.82 Incháilitheacht
- 21L.A.83 Léiriú ar chumas deartha
- 21L.A.84 Iarratas ar dheimhniú forlíontach cineáil
- 21L.A.85 Comhlíontacht a léiriú
- 21L.A.86 Ceanglais maidir le deimhniú cineáil forlíontach a fhorfhormheas
- 21L.A.87 Deimhniú cineáil forlíontach a fhorfhormheas faoi phribhléid
- 21L.A.88 Oibleagáidí sealbhóra deimhnithe cineáil fhorlíontaigh
- 21L.A.89 Inaistritheacht deimhnithe cineáil
- 21L.A.90 Leanúint de bhailíocht deimhnithe cineáil fhorlíontaigh
- 21L.A.91 Athruithe ar an gcuid den táirge arna cumhdach le deimhniú forlíontach cineáil
- FOCHUID F – ATHRUITHE AR AERÁRTHAÍ A BHFUIL COMHLÍONADH AN DEARAIDH DEARBHAITHE INA LEITH**
- 21L.A.101 Raon Feidhme
- 21L.A.102 Athruithe caighdeánacha
- 21L.A.103 Aicmiú athruithe ar dhearadh aerárthaigh a bhfuil comhlíonadh deartha dearbhaithe ina leith
- 21L.A.104 Incháilitheacht

21L.A.105 Dearbhú comhlíontachta maidir le dearadh le haghaidh mionathruithe

21L.A.106 Oibleagáidí an duine a dhéanann dearbhú comhlíontachta maidir le dearadh mionathraithe

21L.A.107 Dearbhú comhlíontachta dearaidh le haghaidh mórathrú

21L.A.108 Gníomhaíochtaí comhlíonta chun comhlíonadh mórathrú a dhearbhú

FOCHUID G – EAGRAÍOCHTAÍ TÁIRGTHE DEARBHAITHE

21L.A.121 Raon Feidhme

21L.A.122 Incháilitheacht

21L.A.123 Dearbhú maidir le cumas táirgthe

21L.A.124 Córas bainistíochta maidir le táirgeadh

21L.A.125 Acmhainní na heagraíochta táirgthe dearbhaithe

21L.A.126 Raon feidhme na hoibre

21L.A.127 Oibleagáidí na heagraíochta táirgthe a dearbhaíodh

21L.A.128 Fógra faoi athruithe agus faoi scor gníomhaíochtaí

FOCHUID H – DEIMHNITHE AERACMHAINNEACHTA AGUS DEIMHNITHE SRIANTA AERACMHAINNEACHTA

21L.A.141 Raon Feidhme

21L.A.142 Incháilitheacht

21L.A.143 Iarratas ar dheimhniú aeracmhainneachta nó ar dheimhniú srianta aeracmhainneachta

21L.A.144 Oibleagáidí an iarratasóra ar dheimhniú aeracmhainneachta nó ar dheimhniú srianta aeracmhainneachta

21L.A.145 Deimhniú aeracmhainneachta agus deimhniú srianta aeracmhainneachta laistigh de na Ballstáit a aistriú agus a atheisiúint

21L.A.146 Leanúint de bhailíocht deimhnithe aeracmhainneachta agus deimhnithe srianta aeracmhainneachta

FOCHUID B – DEIMHNITHE CINEÁIL AGUS DEIMHNITHE SRIANTA CINEÁIL

21L.A.161 Raon Feidhme

21L.A.162 Incháilitheacht

21L.A.163 Iarratas

21L.A.164 Deimhnithe torainn agus deimhnithe srianta torainn a aistriú agus a atheisiúint laistigh de na Ballstáit

21L.A.165 Leanúint de bhailíocht deimhnithe torainn agus deimhnithe srianta torainn

FOCHUID J – EAGRAÍOCHTAÍ DEARTHA DEARBHAITHE

21L.A.171 Raon Feidhme

21L.A.172 Incháilitheacht

21L.A.173 Dearbhú maidir le cumas deartha

21L.A.174 Córas bainistíochta do dhearadh

21L.A.175 Acmhainní na heagraíochta deartha dearbhaithe

21L.A.176 Raon feidhme na hoibre

21L.A.177 Oibleagáidí na heagraíochta deartha dearbhaithe

21L.A.178 Fógra faoi athruithe agus faoi scor gníomhaíochtaí

FOCHUID K – CODANNA

21L.A.191 Raon Feidhme

21L.A.192 Comhlíontacht a léiriú

21L.A.193 Scaoileadh páirteanna le haghaidh suiteála

FOCHUID M – DEARADH DEISIÚCHÁIN AR THÁIRGÍ CINEÁL-DEIMHNITHE

21L.A.201 Raon Feidhme

21L.A.202 Deisiúcháin chaighdeánacha

21L.A.203 Dearaí deisiúcháin a aicmiú ar tháirge cineál-deimhnithe

21L.A.204 Incháilitheacht

21L.A.205 Iarratas ar dhearadh deisiúcháin a fhorghnó i leith táirge cineál-deimhnithe

21L.A.206 Comhlíontacht a léiriú

21L.A.207 Ceanglais maidir le mionathrú ar dheimhniú cineáil a fhaomhadh

21L.A.208 Ceanglais maidir le dearadh deisiúcháin a fhorghnó

21L.A.209 Dearadh deisiúcháin a fhorghnó faoi phribhléid

21L.A.210 Oibleagáidí sealbhóir ar fhorghnó maidir le dearadh deisiúcháin

21L.A.208 Damáiste neamhdheisithe

FOCHUID N – DEARADH DEISIÚCHÁIN AR AERÁRTHAÍ A BHFUIL COMHLÍONADH DEARAIDH DEARBHAITHE INA LEITH

21L.A.221 Raon Feidhme

21L.A.222 Deisiúcháin chaighdeánacha

21L.A.223 Dearaí deisiúcháin a aicmiú ar aerárthach ar dearbhaíodh comhlíonadh an deartha ina leith

21L.A.224 Incháilitheacht

21L.A.225 Dearbhú comhlíontachta maidir le dearadh do mhiondearthaí deisiúcháin

21L.A.226 Dearbhú maidir le comhlíonadh dearthaí móra deisiúcháin

21L.A.227 Gníomhaíochtaí comhlíonta chun comhlíonadh mórdhearadh deisiúcháin a dhearbhu

21L.A.228 Oibleagáidí an dearbhóra dearbhaithe maidir le comhlíonadh deartha ar dhearadh deisiúcháin

21L.A.208 Damáiste neamhdheisithe

FOCHUID O – ÚDARUITHE DE RÉIR ORDÚ UM CHAIGHDEÁN TEICNIÚIL EORPACH

FOCHUID P – CEAD EITILTE

21L.A.241 Cead eitilte agus coinníollacha eitilte

FOCHUID Q – SAINAITHINT TÁIRGÍ, PÁIRTEANNA AGUS FEARAS

21L.A.251 Raon Feidhme

21L.A.252 Dearadh marcanna

21L.A.253 Sainaitheint táirgí

21L.A.254 Láimhseáil na sonraí sainaitheantais

21L.A.255 Páirteanna a shainaitheint

FOCHUID R – RÁITEAS COMHRÉIREACHTA LE HAGHAIDH AERÁRTHAÍ AGUS DEIMHNIÚ EISIÚNA ÚDARAITHE (EASA FOIRM 1) D’INNILL AGUS LIÁIN, NÓ DO CHODANNA DÍOBH, ATÁ I GCOMHRÉIR LE DEARBHÚ COMHLÍONTACHTA MAIDIR LEIS AN DEARADH

21L.A.271 Raon Feidhme

21L.A.272 Incháilitheacht

21L.A.273 Córas rialaithe táirgthe

21L.A.274 Ráiteas comhréireachta a eisiúint (Foirm 52BEASA) nó deimhniú eisiúna údaraithe (Foirm EASA 1)

21L.A.275 Oibleagáidí duine nádúrtha nó dlítheanach a eisíonn ráiteas comhréireachta (Foirm 52B EASA) nó deimhniú eisiúna údaraithe (FoirmEASA 1)

FOCHUID B – NÓSANNA IMEACHTA LE hADHAIGH NA nÚDARÁS INNIÚIL

FOCHUID A – FORÁLACHA GINEARÁLTA

21L.B.11 Doiciméadacht maoirseachta

21L.B.12 Malartú faisnéise

21L.B.13 Faisnéis don Ghníomhaireacht

21L.B.14 Treoracha aeracmhainneachta a fuarthas ó Stáit nach Ballstáit iad

21L.B.15 Freagairt láithreach ar fhadhb sábháilteachta

21L.B.16 Córais bainistíochta

21L.B.17 Cúraimí a shannadh d’eintitis cháilithe

21L.B.18 Athruithe sa chóras bainistíochta

21L.B.19 Díospóidí a réiteach

21L.B.20 Coimeád taifead

21L.B.21 Torthaí agus barúlacha

21L.B.22 Bearta forfheidhmiúcháin

21L.B.23 Treoracha maidir le haeracmhainneacht

21L.B.24 Modhanna comhlíontachta

FOCHUID B – DEIMHNITHE CINEÁIL

21L.B.41 Sonraíochtaí deimhniúcháin

21L.B.42 Imscrúdú tosaigh

21L.B.43 Bonn deimhniúcháin cineáil do dheimhniú cineáil

21L.B.44 Coinníollacha sonracha

21L.B.45 Ainmiú na gceanglas infheidhme maidir le cosaint an chomhshaoil le haghaidh deimhniú cineáil

21L.B.46 Imscrúdú

21L.B.47 Deimhniú cineáil a eisiúint

21L.B.48 Maoirseacht leanúnach ar aeracmhainneacht ar tháirgí ar eisíodh deimhniú cineáil ina leith

21L.B.49 Deimhniú cineáil a aistriú

FOCHUID C – DEARBHUITHE COMHLÍONTACHTA MAIDIR LE DEARADH

21L.B.61 Mionsonraíochtaí teicniúla agus ceanglais infheidhme maidir le cosaint an chomhshaoil i dtaca le dearbhuithe maidir le comhlíonadh dearaidh táirge

21L.B.62 Imscrúdú tosaigh formhaoirseachta

21L.B.63 Dearbhú comhlíontachta maidir le dearadh a chlárú

21L.B.64 Formhaoirseacht leanúnach ar aeracmhainneacht aerárthaí a bhfuil comhlíonadh deartha dearbhaithe ina leith

FOCHUID D – ATHRUITHE AR DHEIMHNITHE CINEÁIL

21L.B.81 Bonn an deimhnithe cineáil agus na ceanglais maidir le cosaint an chomhshaoil do mhóráthrú ar dheimhniú cineáil

21L.B.82 Imscrúdú agus eisiúint formheasa maidir le mionathrú ar dheimhniú cineáil

21L.B.83 Imscrúdú ar athrú mór ar dheimhniú cineáil

21L.B.84 Formheas le haghaidh móráthru ar dheimhniú cineáil a eisiúint

21L.B.85 Maoirseacht leanúnach ar aeracmhainneacht ar tháirgí athraithe ar eisíodh deimhniú cineáil ina leith

FOCHUID E – DEIMHNITHE FORLÍONTACHA CINEÁIL

21L.B.101 Bonn deimhniúcháin cineáil agus ceanglais infheidhme maidir le cosaint an chomhshaoil le haghaidh deimhniú cineáil forlíontach

21L.B.102 Imscrúdú

21L.B.103 Deimhniú forlíontach cineáil a eisiúint

21L.B.104 Maoirseacht leanúnach ar aeracmhainneacht ar tháirgí ar eisíodh deimhniú cineáil forlíontach ina leith

FOCHUID F – ATHRUITHE AR AERÁRTHAÍ A BHFUIL COMHLÍONADH AN DEARAIDH DEARBHAITHE INA LEITH

21L.B.121 Imscrúdú maoirseachta tosaigh ar dhearbhú comhlíontachta maidir le dearadh i ngeall ar mhóráthru ar dhearadh aerárthaigh a bhfuil comhlíonadh deartha dearbhaithe ina leith

21L.B.122 Dearbhú comhlíontachta maidir le dearadh a chlárú le haghaidh móráthru ar dhearadh aerárthaigh

21L.B.123 Maoirseacht leanúnach ar aeracmhainneacht ar aerárthach athraithe ar dearbhaíodh comhlíonadh an dearaidh ina leith

FOCHUID G – EAGRAÍOCHTAÍ TÁIRGTHE DEARBHAITHE

21L.B.141 Imscrúdú tosaigh formhaoirseachta

21L.B.142 Dearbhú comhlíontachta maidir le dearadh a chlárú

21L.B.143 Maoirseacht

21L.B.144 Clár maoirseachta

21L.B.145 Gníomhaíochtaí maoirseachta

21L.B.146 Athruithe ar dhearbhuithe

FOCHUID H – DEIMHNITHE AERACMHAINNEACHTA AGUS DEIMHNITHE SRIANTA AERACMHAINNEACHTA

21L.B.161 Imscrúdú

21L.B.162 Deimhniú aeracmhainneachta nó deimhniú srianta aeracmhainneachta a eisiúint nó a leasú

21L.B.163 Maoirseacht

FOCHUID I – DEIMHNITHE TORAINN

21L.B.171 Imscrúdú

21L.B.172 Deimhnithe torainn a eisiúint nó a leasú

21L.B.173 Maoirseacht

FOCHUID J – EAGRAÍOCHTAÍ DEARTHA DEARBHAITHE

21L.B.181 Imscrúdú tosaigh formhaoirseachta

21L.B.182 Dearbhú ar chumas deartha a chlárú

21L.B.183 Maoirseacht

21L.B.184 Clár maoirseachta

21L.B.185 Gníomhaíochtaí maoirseachta

21L.B.186 Athruithe ar dhearbhuithe

FOCHUID K – CODANNA

FOCHUID M – DEARADH DEISIÚCHÁN AR THÁIRGÍ CINEÁL-DEIMHNITHE

21L.B.201 Bonn deimhniúcháin cineáil agus ceanglais infheidhme maidir le cosaint an chomhshaoil le haghaidh deimhniú cineáil forlíontach

21L.B.202 Imscrúdú agus formheas a eisiúint le haghaidh miondearadh deisiúcháin

21L.B.203 Imscrúdú ar iarratas ar mhórdhearadh deisiúcháin a fhorpheas

21L.B.204 Eisiúint formheas ar mhórdhearadh deisiúcháin

- (d) Déanfar an tástáil eitlete chun formhéas a fháil i ndáil le mórathrú ar dheimhniú cineáil i gcomhréir leis na modhanna le haghaidh tástála eitlete den sórt sin arna sonrú ag an nGníomhaireacht. An t-iarratasóir ar mhórathrú ar dheimhniú cineáil, déanfaidh sé na tástálacha eitlete uile is gá chun comhlíonadh an bhoinn deimhniúcháin cineáil agus na ceanglais is infheidhme maidir le cosaint an chomhshaoil a chinneadh.

- (e) Ceadóidh iarratasóir ar mhórathrú ar dheimhniú cineáil don Ghníomhaireacht:
1. athbhreithniú ar aon sonraí agus ar aon fhaisnéis a bhaineann leis an léiriú ar chomhlíonadh;
 2. aon tástáil nó cigireacht a dhéantar chun críche a thaispeáint go bhfuil siad á gcomhlíonadh a fheiceáil nó a dhéanamh; agus
 3. má mheastar gur gá sin, déanfaidh sé iniúchadh fisiciúil ar an gcéad airteagal den táirge sin sa chumraíocht dheiridh a athraíodh chun a fhíorú go gcomhlíonann an dearadh an bonn de dheimhniúchán cineáil agus na ceanglais is infheidhme maidir le cosaint an chomhshaoil.
- (f) Ar an léiriú comhlíontachta a bheith críochnaithe, dearbhóidh an t-iarratasóir chuig an nGníomhaireacht:
1. gur léirigh siad go bhfuil bonn an deimhniúcháin cineáil agus na ceanglais is infheidhme maidir le cosaint an chomhshaoil á gcomhlíonadh acu arna mbunú agus arna gcur in iúl don iarratasóir ag an nGníomhaireacht i gcomhréir le pointe 21L.B.81, de réir an phlean taispeána comhlíontachta; agus
 2. níor aithníodh aon ghné ná saintréith a d'fhéadfadh an táirge athraithe a dhéanamh neamhshábháilte nó neamh-chomhoiriúnach don chomhshaoil do na húsáidí a n-iarrtar deimhniú ina leith.

21L.A.67 Ceanglais maidir le mionathrú ar dheimhniú cineáil a fhaomhadh

Chun go n-eiseofar formheas le haghaidh mionathrú ar dheimhniú cineáil dó, déanfaidh an t-iarratasóir an méid seo a leanas:

- (a) a léiriú go gcomhlíonann an t-athrú agus na réimsí a ndéanann an t-athrú difear dóibh:
1. leis an mbonn deimhniúcháin cineáil agus leis na ceanglais is infheidhme maidir le cosaint an chomhshaoil arna gcorprú de réir tagairtí sa deimhniú cineáil; nó
 2. má roghnaíonn an t-iarratasóir iad a dhéanamh, maille leis na sonraíochtaí deimhniúcháin is infheidhme maidir leis an táirge ar dháta an iarratais ar an athrú;
- (b) comhlíonadh an bhoinn deimhniúcháin cineáil agus na ceanglais is infheidhme maidir le cosaint an chomhshaoil a dhearbhu, ar ceanglais iad a bhfuil feidhm acu i gcomhréir le pointe (a)(1), nó na sonraíochtaí deimhniúcháin arna roghnú i gcomhréir le pointe (a)(2) a thairfeadh, na réasúinthe maidir le comhlíonadh sna doiciméid maidir le comhlíonadh a thairfeadh, agus a thairfeadh nár aithníodh aon ghné ná saintréith a d'fhéadfadh an táirge athraithe a dhéanamh neamhshábháilte do na húsáidí a bhfuil deimhniú á iarraidh ina leith;
- (c) an bonn cirt atá leis an athrú agus leis an dearbhú comhlíontachta a chur faoi bhráid na Gníomhaireachta.

21L.A.68 Ceanglais maidir le mórathrú ar dheimhniú cineáil a fhaomhadh

Chun go n-eiseofar formheas le haghaidh mórathrú ar dheimhniú cineáil dó, déanfaidh an t-iarratasóir an méid seo a leanas:

- (a) léireoidh siad go gcomhlíonann an t-athrú agus na limistéir a ndéanann an t-athrú difear dóibh an bonn de dheimhniúchán cineáil agus na ceanglais is infheidhme maidir le cosaint an chomhshaoil, arna mbunú agus arna gcur in iúl don iarratasóir ag an nGníomhaireacht i gcomhréir le pointe 21L.B.81;
- (b) a léiriú go bhfuil siad i gcomhréir le pointe 21L.A.66;
- (c) a léiriú nach bhfuil aon saincheistanna gan réiteach ón iniúchadh fisiceach ar an gcéad airteagal den táirge sin sa chumraíocht dheiridh athraithe a rinne an Ghníomhaireacht i gcomhréir le pointe 21L.A.66(e)(3).

21L.A.69 Athrú ar dheimhniú cineáil a fhorpheas faoi phribhléid

- (a) Féadfaidh eagraíocht fhorpheasta deartha formheas a eisiúint maidir le hathrú ar dheimhniú cineáil a dhear sí gan iarratas de réir phointe 21L.A.65 i gcomhréir le raon feidhme na bpribhléidí dá bhforáiltear i bpointe (2) agus i bpointe (8) de phointe 21.A.263(c) d'Iarscríbhinn I (Cuid 21) in ionad na Gníomhaireachta, mar a taifeadadh i dtéarmaí an fhorpheasa.
- (b) Agus formheas á eisiúint aici maidir le hathrú ar dheimhniú cineáil i gcomhréir le pointe (a), déanfaidh an eagraíocht deartha an méid seo a leanas:
 - 1. a áirithiú go bhfuil na sonraí bunúcháin agus na réasúiníthe ar fad ar fáil;
 - 2. a áirithiú gur léiríodh agus gur dearbhaíodh i gcomhréir le pointe 21L.A.66 go bhfuil an t-athrú i gcomhréir leis an mbonn deimhniúcháin cineáil agus leis na ceanglais is infheidhme maidir le cosaint an chomhshaoil de réir phointe (a)(1) de phointe 21L.A.67 nó pointe (a) de phointe 21L.A.68;
 - 3. a dheimhniú nár aimsíodh an méid seo a leanas:
 - (i) aon neamhchomhlíonadh leis an mbonn deimhniúcháin cineáil nó, i gcás inarb infheidhme, leis na ceanglais is infheidhme maidir le cosaint an chomhshaoil, nó leis na sonraíochtaí deimhniúcháin a roghnaíodh;
 - (ii) aon ghné nó aon saintréith den athrú a d'fhéadfadh an táirge athraithe a dhéanamh neamhshábháilte nó neamh-chomhoiriúnach don chomhshaoil i gcomhair na n-úsáidí a n-iarrtar deimhniú ina leith;
 - 4. an formheas ar athrú ar dheimhniú cineáil a theorannú don chumraíocht shonrach/do na cumraíochtaí sonracha sa deimhniú cineáil lena mbaineann an t-athrú.

21L.A.70 Oibleagáidí maidir le mionathruithe ar dheimhniú cineáil

Áiritheoidh sealbhóir formheasa do mhionathrú ar dheimhniú cineáil go ndéanfar na hoibleagáidí ar shealbhóirí ceaduithe mionathraithe i bhFochuid A den Iarscríbhinn seo a ghabháil de láimh.

FOCHUID E – DEIMHNITHE FORLÍONTACHA CINEÁIL

21L.A.81 Raon Feidhme

Bunaítear leis an bhFochuid seo an nós imeachta do dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha seachas sealbhóir an deimhnithe cineáil sin chun iarratas a dhéanamh ar fhorhmeas i ndáil le mórathruithe ar dheimhnithe cineáil, arna n-eisiúint faoi Iarscríbhinn I (Cuid 21) nó faoin Iarscríbhinn seo, de tháirgí a thagann faoi raon feidhme phointe 21L.A.21, ar choinníoll go bhfuil an táirge athraithe fós laistigh de raon feidhme an phointe sin, agus go mbunaítear léi cearta agus oibleagáidí na n-iarratasóirí ar na deimhnithe sin agus sealbhóirí na ndeimhnithe sin.

21L.A.82 Incháilitheacht

Féadfaidh aon duine nádúrtha nó dlítheanach a bhfuil a chumas dearaidh léirithe aige, nó a bhfuil a chumas deartha á thaispeáint nó á dhearbhu aige i gcomhréir le pointe 21L.A.83, iarratas a dhéanamh ar dheimhniú cineáil forlíontach faoi na coinníollacha a leagtar síos san Fhochuid seo.

21L.A.83 Léiriú ar chumas deartha

Taispeánfaidh iarratasóir ar dheimhniú cineáil forlíontach a gcumas dearaidh tríd an méid seo a leanas:

- (a) formheas eagraíochta dearaidh a bheith ina seilbh ag a bhfuil téarmaí formheasa a chumhdaíonn catagóir táirge faoi seach, arna eisiúint ag an nGníomhaireacht i gcomhréir le Fochuid J de Roinn A d'Iarscríbhinn I (Cuid 21); nó
- (b) ag dearbhu a gcumas dearaidh do raon feidhme an táirge i gcomhréir le Fochuid J den Iarscríbhinn seo.

21L.A.84 Iarratas ar dheimhniú forlíontach cineáil

- (a) Is i bhfoirm agus ar mhodh a bhunóidh an Gníomhaireacht a dhéanfar iarratas ar dheimhniú cineáil forlíontach.
- (b) Agus iarratas á dhéanamh ar dheimhniú cineáil forlíontach, déanfaidh an t-iarratasóir an méid seo a leanas:
 - 1. an fhaisnéis a cheanglaítear le pointe 21L.A.65(b) a áireamh san iarratas;
 - 2. sonraigh cé acu a d'ullmhaigh nó a ullmhóidh an t-iarratasóir na sonraí deimhniúcháin go hiomlán nó a ullmhóidh sé iad ar bhonn socraithe le húnéir na sonraí deimhniúcháin cineáil.

21L.A.85 Comhlíontacht a léiriú

- (a) Léireoidh an t-iarratasóir ar dheimhniú cineáil forlíontach go bhfuil an bonn deimhniúcháin cineáil is infheidhme agus na ceanglais is infheidhme maidir le cosaint an chomhshaoil á gcomhlíonadh ag an nGníomhaireacht i gcomhréir le pointe 21L.B.101 agus tabharfaidh sé na modhanna ar a léirítear comhlíonadh den sórt sin don iarratasóir.

- (b) Déanfaidh an t-iarratasóir ar dheimhniú cineáil forlíontach bonn cirt taifeadta a sholáthar don Ghníomhaireacht maidir leis na modhanna comhlíonta i ndoiciméid maidir le comhlíonadh de réir an phlean taispeána um chomhlíonadh.
- (c) Agus tástáil agus cigireachtaí á ndéanamh aige chun comhlíonadh a léiriú i gcomhréir le pointe (a), beidh an fíorú sin fíoraithe agus doiciméadaithe ag an iarratasóir sula ndéanfaidh sé aon tástáil:
1. i gcás an eiseamail tástála:
 - (i) go bhfuil na hábhair agus na próisis i gcomhréir go leordhóthanach le sonraíochtaí an deartha athraithe cineáil atá beartaithe;
 - (ii) go bhfuil comhpháirteanna na dtáirgí i gcomhréir go leordhóthanach leis na líníochtaí sa dearadh athraithe cineáil atá beartaithe;
 - (iii) go bhfuil na próisis mhonaraíochta, an tógáil agus an chóimeáil i gcomhréir go leordhóthanach leis na cinn atá sonraithe sa dearadh cineáil athraithe beartaithe; agus
 2. go raibh an trealamh tástála agus tomhais a úsáideadh don tástáil leordhóthanach don tástáil agus go raibh sé calabraithe mar is iomchuí.
- (d) Déanfar an tástáil eitilte chun deimhniú cineáil forlíontach a fháil i gcomhréir le modhanna na tástála eitilte sin arna sonrú ag an nGníomhaireacht. An t-iarratasóir ar dheimhniú cineáil forlíontach, déanfaidh sé na tástálacha eitilte uile is gá chun comhlíonadh an bhoinn deimhniúcháin cineáil is infheidhme a chinneadh.
- (e) Ceadóidh iarratasóir ar dheimhniú cineáil forlíontach don Ghníomhaireacht:
1. athbhreithniú ar aon sonraí agus ar aon fhaisnéis a bhaineann leis an léiriú ar chomhlíonadh;
 2. aon tástáil nó cigireacht a dhéantar chun críche a thaispeáint go bhfuil siad á gcomhlíonadh a fheiceáil nó a dhéanamh; agus
 3. iniúchadh fisiceach a dhéanamh ar an gcéad airteagal den táirge sin sa chumraíocht dheiridh athraithe chun a fhíorú go gcomhlíonann an dearadh an bonn de dheimhniúcháin cineáil agus na ceanglais is infheidhme maidir le cosaint an chomhshaoil.
- (f) Nuair a bheidh an léiriú comhlíontachta críochnaithe, dearbhóidh an t-iarratasóir ar dheimhniú cineáil forlíontach chuig an nGníomhaireacht:
1. go bhfuil sé léirithe aige go bhfuil an bonn deimhniúcháin cineáil agus na ceanglais is infheidhme maidir le cosaint an chomhshaoil á gcomhlíonadh aige arna mbunú agus arna gcur in iúl don iarratasóir ag an nGníomhaireacht i gcomhréir le pointe 21L.B.101, de réir an phlean taispeána comhlíontachta; agus
 2. níor aithníodh aon ghné ná saintréith a d'fhéadfadh an táirge athraithe a dhéanamh neamhshábháilte nó neamh-chomhoiriúnach don chomhshaoil do na húsáidí a n-iarrtar deimhniú ina leith.

21L.A.86 Ceanglais maidir le deimhniú cineáil forlíontach a fhormheas

- (a) Chun deimhniú cineáil forlíontach a eisiúint, déanfaidh an t-iarratasóir an méid seo a leanas:
1. léireoidh siad a gcumas dearaidh i gcomhréir le pointe 21L.A.83;

2. léireoidh siad go gcomhlíonann an t-athrú ar dheimhniú cineáil agus ar na limistéir a ndéanann an t-athrú difear dóibh an bonn deimhniúcháin cineáil agus na ceanglais is infheidhme maidir le cosaint an chomhshaoil, mar a bhunaigh an Ghníomhaireacht i gcomhréir le pointe 21L.B.101;
 3. a léiriú go bhfuil siad i gcomhréir le pointe 21L.A.85;
 4. má shonraigh an t-iarratasóir gur chuir siad sonraí deimhniúcháin ar fáil ar bhonn socraithe le húinéir na sonraí deimhniúcháin cineáil i gcomhréir le pointe 21L.A.84(b), go léireoidh sealbhóir an deimhnithe cineáil:
 - (i) nach bhfuil aon agóid theicniúil aici i gcoinne na faisnéise arna cur isteach faoi phointe 21L.A.65; agus
 - (ii) d'aontaigh sé comhoibriú leis an iarratasóir chun a áirithiú go gcomhlíonfar na hoibleagáidí uile maidir le haeracmhainneacht leanúnach an táirge athraithe trí phointí 21L.A.28 agus 21L.A.88 a chomhlíonadh;
 5. a léiriú nach bhfuil aon saincheisteanna gan réiteach ón iniúchadh fisiceach ar an gcéad airteagal den táirge sin sa chumraíocht dheiridh athraithe a rinne an Ghníomhaireacht i gcomhréir le pointe 21L.A.85(e)(3).
- (b) Beidh an deimhniú cineáil forlíontach teoranta don chumraíocht shonrach/do na cumraíochtaí sonracha sa deimhniú cineáil lena mbaineann an mórathrú gaolmhar.

21L.A.87 Deimhniú cineáil forlíontach a fhorpheas faoi phribhléid

- (a) Féadfaidh eagraíocht dearaidh formheasta formheas a dhéanamh ar dheimhniú cineáil forlíontach le haghaidh mórathrú a dhear sí gan iarratas a dhéanamh de réir phointe 21L.A.84 i gcomhréir le raon feidhme na bpríbhleáidí dá bhforáiltear i bpointe (9) de phointe 21.A.263(c) d'Iarscríbhinn I (Cuid 21) in ionad na Gníomhaireachta, mar a taifeadadh i dtéarmaí an fhorpheasa.
- (b) Agus deimhniú cineáil forlíontach á eisiúint aici i gcomhréir le pointe (a), déanfaidh an eagraíocht deartha an méid seo a leanas:
 1. a áirithiú go bhfuil na sonraí bunúcháin agus na réasúiníthe ar fad ar fáil;
 2. a áirithiú gur léiríodh agus gur dearbhaíodh go bhfuil an t-athrú i gcomhréir leis an mbonn deimhniúcháin cineáil agus leis na ceanglais is infheidhme maidir le cosaint an chomhshaoil;
 3. a dheimhniú nár aimsíodh an méid seo a leanas:
 - (i) aon neamhchomhlíonadh leis an mbonn deimhniúcháin cineáil nó, i gcás inarb infheidhme, leis na ceanglais is infheidhme maidir le cosaint an chomhshaoil, nó leis na sonraíochtaí deimhniúcháin a roghnaíodh;
 - (ii) aon ghné nó aon saintréith den athrú a d'fhéadfadh an táirge athraithe a dhéanamh neamhshábháilte nó neamh-chomhoiriúnach don chomhshaoil i gcomhair na n-úsáidí a n-iarrtar deimhniú ina leith;
 4. formheas an deimhnithe cineáil fhorlíontaigh a theorannú don chumraíocht shonrach/do na cumraíochtaí sonracha sa deimhniú cineáil lena mbaineann an t-athrú.

21L.A.88 Oibleagáidí sealbhóra deimhnithe cineáil fhorlíontaigh

Gabhfaidh gach sealbhóir ar dheimhniú cineáil forlíontach oibleagáidí sealbhóra cineáil fhorlíontaigh mar atá leagtha amach i bhFochuid A den Iarscríbhinn seo ar láimh agus leanfaidh sé de bheith ag comhlíonadh an cheanglais incháilitheachta faoi phointe 21L.A.82.

21L.A.89 Inaistritheacht deimhnithe cineáil

Féadfar deimhniú cineáil forlíontach a aistriú chuig sealbhóir nua, ar choinníoll go mbeidh sé fíoraithe ag an nGníomhaireacht go bhfuil an duine nádúrtha nó dlítheanach a bhfuil sé beartaithe an deimhniú a aistriú chuige incháilithe i gcomhréir le pointe 21L.A.83 chun deimhniú cineáil forlíontach a bheith ina sheilbh aige agus go bhfuil sé in ann oibleagáidí sealbhóra bhreise den deimhniú cineáil a ghabháil air féin faoi phointe 21L.A.88.

21L.A.90 Leanúint de bhailíocht deimhnithe cineáil fhorlíontaigh

- (a) Beidh deimhniú cineáil forlíontach bailí ar feadh na tréimhse seo a leanas:
1. nach dtabharfaidh an sealbhóir suas an deimhniú cineáil forlíontach;
 2. leanfaidh sealbhóir an deimhnithe cineáil fhorlíontaigh de bheith ag comhlíonadh cheanglais ábhartha Rialachán (AE) 2018/1139 agus na ngníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme arna nglacadh ar a bhonn, agus na forálacha maidir le láimhseáil na dtorthaí mar a shonraítear faoi phointe 21L.B.21 á gcur san áireamh;
 3. ní chúlghaireann an Gníomhaireacht an deimhniú cineáil forlíontach i gcomhréir le pointe 21L.B.22.
- (b) Ar thabhairt suas nó ar chúlghairm, tabharfar an deimhniú ar ais don Gníomhaireacht.

21L.A.91 Athruithe ar an gcuid den táirge arna cumhdach le deimhniú forlíontach cineáil

- (a) Formheasfar mionathrú ar chuid de tháirge atá cumhdaithe ag deimhniú cineáil forlíontach i gcomhréir le Fochuid D den Iarscríbhinn seo.
- (b) Déanfar mórathrú ar an gcuid sin de tháirge atá cumhdaithe ag deimhniú cineáil forlíontach a fhorghnó mar dheimhniú cineáil forlíontach ar leith i gcomhréir leis an bhFochuid seo.
- (c) De mhaolú ar phointe (b), féadfar athrú mór ar an gcuid sin de tháirge atá cumhdaithe ag deimhniú cineáil forlíontach arna chur isteach ag sealbhóir an deimhnithe cineáil fhorlíontaigh a fhorghnó mar athrú ar an deimhniú cineáil forlíontach atá ann cheana i gcomhréir le pointí 21L.A.63 go 21L.A.69.

FOCHUID F – ATHRUITHE AR AERÁRTHAÍ A BHFUIL COMHLÍONADH AN DEARAIDH DEARBHAITHE INA LEITH

21L.A.101 Raon Feidhme

Bunaítear an méid seo a leanas leis an bhFochuid seo:

- (a) an nós imeachta chun a dhearbú go bhfuil athrú ar dhearadh aerárthaigh á chomhlíonadh, ar athrú é a bhí faoi réir dearbhú a rinneadh i gcomhréir le Fochuid C den Iarscríbhinn seo;
- (b) cearta agus oibleagáidí an dearbhóra a dhéanann dearbhú go gcomhlíontar an t-athrú dá dtagraítear i bpointe (a); agus
- (c) forálacha maidir leis na hathruithe caighdeánacha nach gceanglaítear dearbhú comhlíontachta dearaidh leo.

21L.A.102 Athruithe caighdeánacha

- (a) Is éard is athruithe caighdeánacha ann athruithe ar dhearadh aerárthaigh a bhí faoi réir dearbhú a rinneadh i gcomhréir le Fochuid C den Iarscríbhinn seo agus:
 - 1. leanfaidh sé na sonraí deartha a áirítear sna sonraíochtaí deimhniúcháin a d'eisigh an Ghníomhaireacht, ina mbeidh na modhanna, na teicnící agus na cleachtais atá inghlactha chun athruithe caighdeánacha a dhéanamh agus a shainnaint, lena n-áirítear na treoracha gaolmhara maidir le haeracmhainneacht leanúnach; agus
 - 2. nach bhfuil ag teacht salach ar na sonraí deartha a chumhdaítear leis an dearbhú maidir le comhlíonadh dhearadh an aerárthaigh arna dhéanamh i gcomhréir le Fochuid C den Iarscríbhinn seo.
- (b) Níl pointe 21L.A.103 go pointe 21L.A.108 infheidhme maidir le hathruithe caighdeánacha.

21L.A.103 Aicmiú athruithe ar dhearadh aerárthaigh a bhfuil comhlíonadh deartha dearbhaithe ina leith

- (a) Aon athruithe ar dhearadh aerárthaigh a bhí faoi réir dearbhaithe a rinneadh i gcomhréir le Fochuid C den Iarscríbhinn seo, déanfar iad a aicmiú mar mhionathruithe nó mar athruithe móra, agus na critéir a leagtar síos i bpointí 21L.A.63 (b) agus (c) á n-úsáid.
- (b) Dearbhófar go bhfuil mionathrú á chomhlíonadh maidir le dearadh i gcomhréir le pointe 21L.A.105.
- (c) Déanfar comhlíonadh dearaidh mórathrú a dhearbú i gcomhréir le pointe 21L.A.107.

21L.A.104 Incháilitheacht

- (a) Dearbhóir a rinne dearbhú maidir le comhlíonadh dhearadh an aerárthaigh i gcomhréir le Fochuid C den Iarscríbhinn seo, féadfaidh sé a dhearbú go bhfuil mionathrú ar dhearadh an aerárthaigh sin á chomhlíonadh faoi na coinníollacha a leagtar síos san Fhochuid seo. Ina theannta sin, féadfaidh eagraíocht deartha atá formheasta i gcomhréir le pointe (c)(3) de phointe 21.A.263 d'Iarscríbhinn I (Cuid

21) dearbhú comhlíontachta den sórt sin a dhéanamh freisin, faoi na coinníollacha a leagtar síos san Fhochuid seo.

- (b) Is é an dearbhóir amháin a rinne dearbhú comhlíontachta maidir le dearadh aerárthaí i gcomhréir le Fochuid C den Iarscríbhinn seo a fhéadfaidh a dhearbú go bhfuil mórathrú ar dhearadh aerárthaigh ar dearbhaíodh comhlíonadh deartha ina leith i gcomhréir le Fochuid C den Iarscríbhinn seo, faoi na coinníollacha a leagtar síos san Fhochuid seo.
- (c) De mhaolú ar phointe (b) de phointe 21.L.A.104, más rud é nach bhfuil an dearbhóir a rinne dearbhú maidir le comhlíonadh dhearadh aerárthaí i gcomhréir le Fochuid C den Iarscríbhinn seo gníomhach a thuilleadh nó má tá sé mífhreagrach d'iarrataí ar athruithe dearaidh, féadfar comhlíonadh dearaidh aerárthaigh athraithe a dhearbú freisin i gcomhréir le Fochuid C den Iarscríbhinn seo ag eagraíocht deartha atá formheasta i gcomhréir le pointe (c)(4) de phointe 21.A.263 d'Iarscríbhinn I (Cuid 21) laistigh de raon feidhme a dtéarmaí formheasta, nó ag duine nádúrtha nó dlítheanach a bhfuil ar a chumas na hoibleagáidí a leagtar síos i bpointe 21L.A.47 a ghabháil de lámh i ndáil leis an aerárthach athraithe sin.

21L.A.105 Dearbhú comhlíontachta maidir le dearadh le haghaidh mionathruithe

- (a) Sula ndéanfar eagraíocht táirgthe a shuiteáil nó a ionchorprú nó sula n-aontaítear le heagraíocht táirgthe mionathrú a shuiteáil nó a ionchorprú i ndearadh aerárthaigh ar dearbhaíodh comhlíonadh an dearaidh ina leith i gcomhréir le Fochuid C den Iarscríbhinn seo, dearbhóidh an eagraíocht a dhear an mionathrú sin go gcomhlíonann dearadh an mhionathraithe sin:
 - 1. na sonraíochtaí teicniúla mionsonraithe arna n-ionchorprú de réir tagairtí i ndearbhú comhlíontachta an aerárthaigh, ach amháin mura bhfuil na sonraíochtaí teicniúla mionsonraithe sin nó codanna díobh infheidhme a thuilleadh i gcomhréir le pointe 21L.B.61 toisc go bhfuil sé cinntithe ag an nGníomhaireacht go bhfuil sé léirithe ag an taithí a fuarthas ó tháirgí comhchosúla seirbhíse nó ó tháirgí a bhfuil gnéithe deartha comhchosúla acu go bhféadfaí coinníollacha neamhshábháilte a fhorbairt, agus nach dtéann na sonraíochtaí teicniúla mionsonraithe a ndearnadh tagairt dóibh i ndearbhú comhlíontachta dearaidh an aerárthaigh i ngleic leis an gcoinníoll neamhshábháilte sin, nó
 - 2. na sonraíochtaí teicniúla mionsonraithe is infheidhme, ar an dáta a dhéanfar an dearbhú i gcomhréir le pointe 21L.B.61, má roghnaíonn an dearbhóir iad; agus
 - 3. na ceanglais is infheidhme maidir le cosaint an chomhshaoil dá dtagraítear i bpointe 21L.B.61 a bheidh infheidhme ar an dáta a ndéanfar an dearbhú.
- (b) Is i bhfoirm agus ar mhodh a bhunóidh an Gníomhaireacht a dhéanfar iarratas ar dheimhniú cineáil.
- (c) Déanfaidh an dearbhóir nó an eagraíocht a dhear an mionathrú clár a choinneáil de mhionathruithe ar dhearadh an aerárthaigh ar dearbhaíodh comhlíonadh an deartha ina leith, agus cuirfidh sé ar fáil don Gníomhaireacht, arna iarraidh sin, aon dearbhú a rinneadh i gcomhréir le pointe (a).

21L.A.106 Oibleagáidí an duine a dhéanann dearbhú comhlíontachta maidir le dearadh mionathraithe

Aon duine a rinne dearbhú comhlíontachta i ndáil le mionathrú ar dhearadh aerárthaigh i gcomhréir le pointe 21L.A.105, déanfaidh sé an méid seo a leanas:

- (a) clár a choimeád de na dearbhuithe sin agus cuirfidh sé na dearbhuithe sin ar fáil don Ghníomhaireacht arna iarraidh sin di;
- (b) na doiciméid tacaíochta uile a choinneáil a bhaineann le dearbhú comhlíontachta deartha, agus iad a chur ar fáil don Ghníomhaireacht arna iarraidh sin di;
- (c) gach oibleagáid eile atá ar dhearbhoir dearbhaithe deartha a leagtar amach i bhFochuid A den Iarscríbhinn seo a ghabháil de lámh.

21L.A.107 Dearbhú comhlíontachta dearaidh le haghaidh mórathrú

- (a) Sula ndéanfar eagraíocht táirgthe a shuiteáil, a ionchorprú nó a aontú le heagraíocht táirgthe chun mórathrú a shuiteáil nó a ionchorprú i ndearadh aerárthaigh ar dearbhaíodh comhlíonadh an dearaidh maidir leis i gcomhréir le Fochuid C den Iarscríbhinn seo, dearbhóidh an eagraíocht a dhear an t-athrú mór sin go gcomhlíonann dearadh an mhórathruithe sin agus na limistéir a ndéanann an t-athrú sin difear dóibh:
 - 1. na sonraíochtaí teicniúla mionsonraithe arna n-ionchorprú de réir tagairtí i ndearbhú comhlíontachta an aerárthaigh, ach amháin mura bhfuil na sonraíochtaí teicniúla mionsonraithe sin nó codanna díobh infheidhme a thuilleadh i gcomhréir le pointe 21L.B.61 toisc go bhfuil sé cinntithe ag an nGníomhaireacht go bhfuil sé léirithe ag an taithí a fuarthas ó tháirgí comhchosúla seirbhíse nó ó tháirgí a bhfuil gnéithe deartha comhchosúla acu go bhféadfaí coinníollacha neamhshábháilte a fhorbairt agus nach dtéann na sonraíochtaí teicniúla mionsonraithe a ndearnadh tagairt dóibh sa dearbhú maidir le comhlíonadh dearaidh an aerárthaigh i ngleic leis an staid neamhshábháilte sin, nó
 - 2. na sonraíochtaí teicniúla mionsonraithe is infheidhme ar an dáta a dhéantar an dearbhú i gcomhréir le pointe 21L.B.61, má roghnaíonn an dearbhóir iad; agus
 - 3. na ceanglais is infheidhme maidir le cosaint an chomhshaoil dá dtagraítear i bpointe 21L.B.61 a bheidh infheidhme ar an dáta a ndéanfar an dearbhú.
- (b) Is i bhfoirm agus ar mhodh a bhunóidh an Ghníomhaireacht a dhéanfar iarratas ar dheimhniú cineáil.
- (c) Beidh an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad sa tuarascáil:
 - 1. ainm an duine a chuireann an dearbhú isteach, agus a sheoladh/áit ghnó;
 - 2. uimhir thagartha dearbhaithe an aerárthaigh lena mbaineann an mórathrú;
 - 3. tagairt uathúil chun an mórathrú a shainaitheint;
 - 4. léiriú ar na sonraíochtaí teicniúla mionsonraithe agus na ceanglais is infheidhme maidir le cosaint an chomhshaoil ar ceanglais iad a ndearbhaíonn an dearbhóir go bhfuil siad á gcomhlíonadh;
 - 5. ráiteas sínithe arna dhéanamh faoi fhreagracht aonair an duine a dhéanann an dearbhú go gcomhlíonann dearadh an mhórathruithe na sonraíochtaí teicniúla

mionsonraithe agus na ceanglais is infheidhme maidir le cosaint an chomhshaoil dá dtagraítear i bpointe (4), de réir an phlean taispeána comhlíontachta dá dtagraítear i bpointe (d)(3);

6. ráiteas sínithe arna dhéanamh faoi fhreagracht aonair an duine a dhéanann an dearbhú nach bhfuil aon ghnéithe nó saintréithe sainaitheanta ag an duine sin a d'fhéadfadh an t-aerárthach a dhéanamh neamhshábháilte nó neamh-chomhoiriúnach don chomhshaoil maidir leis an úsáid atá beartaithe dó;
7. gealltanais sínithe go ngabhfaidh an duine a dhéanann an dearbhú air féin na hoibleagáidí dá dtagraítear i bpointe 21L.A.47 i ndáil le dearadh athraithe an aerárthaigh;
8. Na teoracha le haghaidh aeracmhainneacht leanúnach;
9. na teorainneacha oibriúcháin, má athraíodh iad;
10. an leathán sonraí aeracmhainneachta agus, más infheidhme, taifead ar chomhlíonadh astaíochtaí;
11. an bhileog sonraí maidir le torann, más infheidhme;
12. aon choinníollacha nó teorainneacha eile a fhorordaítear don aerárthach sna sonraíochtaí teicniúla mionsonraithe is infheidhme agus na ceanglais is infheidhme maidir le cosaint an chomhshaoil agus a ndearbhaíonn an dearbhóir go bhfuil siad á gcomhlíonadh aige.

(d) An dearbhóir a dhearann mórathrú, cuirfidh sé an dearbhú dá dtagraítear i bpointe (c) faoi bhráid na Gníomhaireachta. In éineacht leis an dearbhú sin, cuirfidh an dearbhóir an méid seo a leanas ar fáil don Ghníomhaireacht:

1. tuairisc ar an mórathrú;
2. sonraí bunúsacha faoin athrú mór, lena n-áirítear na saintréithe oibriúcháin, na gnéithe deartha agus aon teorainneacha;
3. plean taispeána comhlíontachta ina sonrú na modhanna chun léiriú ar chomhlíonadh a dhéanamh a leanadh agus an comhlíonadh á léiriú;
4. gur thaifead siad réasúnuithe maidir le comhlíonadh laistigh de na sonraí maidir le comhlíonadh a fuarthas ó na gníomhaíochtaí comhlíonta a rinneadh i gcomhréir leis an bplean taispeána comhlíontachta;
5. an modh inar léiríodh go gcomhlíontar na sonraíochtaí teicniúla mionsonraithe is infheidhme agus na ceanglais is infheidhme maidir le cosaint an chomhshaoil i bpointe 21L.B.61;
6. i gcás ina léireofar go bhfuil comhlíonadh á dhéanamh trí thástálacha a dhéanamh, thug sé bonn cirt le comhréireacht na n-airteagal agus an trealaimh tástála, a léireoidh:

(i) i gcás an eiseamail tástála:

- (A) na hábhair agus na próisis atá i gcomhréir go leordhóthanach le sonraíochtaí an deartha;
- (B) comhpháirteanna na dtáirgí atá i gcomhréir go leordhóthanach leis na líníochtaí sa dearadh; agus

- (C) go raibh na próisis mhonaraíochta, an tógáil agus an chóimeáil á gcomhlíonadh go leordhóthanach leis na próisis a shonraítear sa dearadh;
 - (ii) go raibh an trealamh tástála agus tomhais a úsáideadh don tástáil leordhóthanach don tástáil agus go raibh sé calabraithe mar is iomchuí;
7. tuarascálacha, torthaí na gcigireachtaí nó na dtástálacha a fuair an dearbhóir a bheith riachtanach chun a chinneadh go gcomhlíonann an t-aerárthach na sonraíochtaí teicniúla mionsonraithe is infheidhme agus na ceanglais is infheidhme maidir le cosaint an chomhshaoil.
- (e) Beidh an dearbhú maidir le mórathrú ar dhearbhú comhlíontachta deartha teoranta don chumraíocht shonrach/do na cumraíochtaí sonracha sa dearbhú comhlíontachta dearaidh lena mbaineann an t-athrú.

21L.A.108 Gníomhaíochtaí comhlíonta chun comhlíonadh mórathrú a dhearbhú

Sula ndéanfaidh sé dearbhú comhlíontachta i gcomhréir le pointe 21L.A.107, déanfaidh an dearbhóir an méid seo a leanas maidir leis an dearadh sonracha sin:

- (a) plean taispeána comhlíontachta a bhunú ina sonrú na modhanna chun léiriú ar chomhlíonadh a leanúint agus an comhlíonadh á léiriú. Déanfar an doiciméad seo a thabhairt cothrom le dáta de réir mar is gá;
- (b) taifead a dhéanamh ar bhonn cirt le comhlíonadh doiciméad maidir le comhlíonadh de réir an phlean taispeána um chomhlíonadh;
- (c) tástáil agus cigireachtaí a dhéanamh de réir mar is gá i gcomhréir leis an bplan taispeána comhlíontachta;
- (d) comhréireacht na n-earraí tástála agus an trealamh tástála a áirithiú agus a thairgeadh agus a áirithiú go bhfuil an t-eiseamal tástála i gcomhréir leis na sonraíochtaí, na líníochtaí, na próisis mhonaraíochta, na modhanna tógála agus cóimeála sa dearadh;
- (e) a áirithiú go bhfuil an trealamh tástála agus tomhais atá le húsáid chun tástáil a dhéanamh leordhóthanach chun tástáil a dhéanamh agus é calabraithe go hiomchuí;
- (f) cead a thabhairt don Ghníomhaireacht aon chigireachtaí nó tástálacha a dhéanamh ar aerárthaí, nó páirt a ghlacadh sna cigireachtaí nó sna tástálacha sin, ar iniúchtaí nó tástálacha iad a bhaineann leis an dearadh críochnaitheach nó leis an gcumraíocht táirgeachta atá aibí agus atá riachtanach chun a chinneadh nach bhfuil aon ghné ná saintréith ag baint leis an táirge athraithe a fhágann nach bhfuil an t-aerárthach sábháilte nó neamh-chomhoiriúnach don chomhshaoil maidir leis an úsáid atá beartaithe dó;
- (g) tástáil eitle a dhéanamh, i gcomhréir le modhanna tástála eitle den sórt sin arna sonrú ag an nGníomhaireacht, de réir mar is gá chun a chinneadh go gcomhlíonann an t-aerárthach na sonraíochtaí teicniúla mionsonraithe is infheidhme agus na ceanglais is infheidhme maidir le caomhnú an chomhshaoil.

FOCHUID G – EAGRAÍOCHTAÍ TÁIRGTHE DEARBHAITHE

21L.A.121 Raon Feidhme

- (a) Bunaítear an méid seo a leanas leis an bhFochuid seo:
1. na nósanna imeachta chun cumas táirgthe daoine nádúrtha agus dlítheanacha a dhearbhu lena léirítear comhréireacht táirgí agus páirteanna leis na sonraí is infheidhme maidir leis an dearadh;
 2. cearta agus oibleagáidí na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha a dhéanann dearbhú maidir le cumas táirgthe dá dtagraítear i bpointe (1).
- (b) Féadfaidh eagraíochtaí a bhfuil dearbhú déanta acu maidir le cumas táirgthe i gcomhréir leis an bhFochuid seo na catagóirí táirgí agus páirteanna seo a leanas a tháirgeadh:
1. táirgí agus páirteanna ar deimhníodh a ndearadh i gcomhréir leis an Iarscríbhinn seo;
 2. aerárthaí a gcumhdaítear a ndearadh le dearbhú arna dhéanamh i gcomhréir leis an Iarscríbhinn seo, mar aon lena n-innill, lena liáin agus lena bpáirteanna.

21L.A.122 Incháilitheacht

Féadfaidh aon duine nádúrtha nó dlítheanach ('eagraíocht') a chumas táirgeachta a dhearbhu faoin bhFochuid seo, más fíor an méid seo a leanas maidir leis an duine sin:

- (a) go bhfuil iarratas déanta aige ar dhearadh an táirge nó cuid den táirge a fhormheas i gcomhréir leis an Iarscríbhinn seo, nó go bhfuil sé beartaithe aige nó aici iarratas a dhéanamh ar fhormheas den sórt sin; nó
- (b) gur dhearbhaigh sé go bhfuil dearadh aerárthaigh á chomhlíonadh i gcomhréir leis an Iarscríbhinn seo nó a bhfuil sé ar intinn aige comhlíonadh deartha den sórt sin a dhearbhu; nó
- (c) go bhfuil sé ag comhoibriú leis an iarratasóir ar fhormheas ar dhearadh an táirge atá le heisiúint nó atá eisithe i gcomhréir leis an Iarscríbhinn seo, nó le sealbhóir formheasa an táirge sin, nó leis an eagraíocht a dhearbhaigh go bhfuil an dearadh aerárthaigh sin á chomhlíonadh aici nó a bhfuil sé beartaithe aici a dhearbhu i gcomhréir leis an Iarscríbhinn seo, d'fhonn a áirithiú go bhfuil an táirge monaraithe nó an chuid monaraithe i gcomhréir leis an dearadh sin, agus chun aeracmhainneacht leanúnach an táirge nó na coda a áirithiú.

21L.A.123 Dearbhú maidir le cumas táirgthe

- (a) Sula dtáirgfear aon táirgí nó páirteanna, dearbhóidh eagraíocht a bheartaíonn comhréireacht na dtáirgí nó na bpáirteanna sin a thaispeáint leis na sonraí dearaidh is infheidhme, dearbhóidh sí go bhfuil sé de chumas táirgthe aici.
- (b) Is i bhfoirm agus ar mhodh a bhunóidh an t-údarás inniúil a dhéanfar an dearbhú, agus aon athruithe a dhéanfar air ina dhiaidh sin.
- (c) Áireofar sa dearbhú an fhaisnéis is gá chun go mbeidh an t-údarás inniúil eolach ar an eagraíocht agus ar an raon oibre atá beartaithe dó, agus áireofar ann an méid seo a leanas ar a laghad:
1. ainm cláráithe na heagraíochta;

2. sonraí teagmhála sheoladh cláraithe na heagraíochta maidir lena príomháit ghnó agus, i gcás inarb infheidhme, teagmháil agus láithreáin oibriúcháin na heagraíochta;
 3. ainmneacha agus sonraí teagmhála bhainisteoir cuntasach na heagraíochta a ainmníodh i gcomhréir le pointe (c)(1) de phointe 21L.A.125;
 4. an raon oibre atá beartaithe;
 5. dáta an tosaithe bheartaithe ar an táirgeadh;
 6. ráiteas lena ndeimhnítear an méid seo a leanas maidir leis an eagraíocht:
 - (i) tá córas bainistíochta táirgthe aici i gcomhréir le pointe (a) de phointe 21L.A.124; agus
 - (ii) coinneoidh sí an córas bainistíochta le haghaidh táirgthe i gcomhréir leis an bhfochuid seo;
 7. ráiteas lena ndeimhnítear go gcloífidh an eagraíocht leis na próisis agus na nósanna imeachta a bunaíodh i gcomhréir le pointe (d) de phointe 21L.A.124;
 8. ráiteas go gcomhaontaíonn an eagraíocht oibleagáidí eagraíochta táirgthe dearbhaithe a ghabháil uirthi féin i gcomhréir le pointe 21L.A.127.
- (d) Cuirfear an táirgeadh ar an gcumas deartha faoi bhráid na húdaráis inniúla.

21L.A.124 Córas bainistíochta maidir le táirgeadh

- (a) Déanfaidh an eagraíocht táirgthe dhearbhaithe córas bainistíochta a bhunú, a chur chun feidhme agus a chothabháil le haghaidh táirgeadh a mbeidh cuntasacht shoiléir agus freagrachtaí soiléire ag gabháil leis ar fud na heagraíochta ar fad:
 1. go bhfreagraíonn sí do chineál agus do chastacht a gníomhaíochtaí agus do mhéid na heagraíochta, agus go gcuirtear san áireamh na guaiseacha agus na rioscaí gaolmhara a bhaineann go dlúth leis na gníomhaíochtaí sin;
 2. atá bunaithe faoi chuntasacht bainisteora chuntasaigh arna ainmniú de réir phointe (c)(1) de phointe 21L.A.125.
- (b) Áireofar sa chóras bainistíochta táirgthe modh chun an cháilíocht a bhainistiú trí chóras cáilíochta a chothabháil lena ndéanfar an méid seo a leanas:
 1. áiritheoidh sí go bhfuil gach táirge nó páirt a tháirgeann an eagraíocht táirgthe dhearbhaithe nó a comhpháirtithe, nó a sholáthraítear ó pháirtithe seachtracha nó a chuirtear amach ar fochonradh chuig páirtithe seachtracha, go bhfuil siad i gcomhréir leis na sonraí deartha is infheidhme agus go bhfuil siad i riocht a n-oibríthe go sábháilte;
 2. nósanna imeachta rialaithe a bhunú, a chur chun feidhme agus a choinneáil ar bun, de réir mar is iomchuí, laistigh de raon feidhme a gcuid gníomhaíochtaí maidir leis an méid seo a leanas:
 - (i) doiciméad a eisiúint, a fhorpheas, nó a athrú;
 - (ii) measúnú, iniúchadh agus rialú a dhéanamh ar dhíoltóirí agus fochonraitheoirí;
 - (iii) a fhíorú go bhfuil táirgí, páirteanna, ábhair agus trealamh atá ag teacht isteach, lena n-áirítear ítimí nua nó úsáidte a sholáthraíonn ceannaitheoirí táirgí, mar a shonraítear sna sonraí deartha is infheidhme;

- (iv) sainaithe agus inrianaitheacht;
- (v) próisis mhonaraíochta;
- (vi) cigireacht agus tástáil, lena n-áirítear tástálacha eitleithe táirgthe;
- (vii) calabrú uirlisí, díreog agus trealamh tástála;
- (viii) rialú ítimí neamhchomhréireacha;
- (ix) comhoibriú leis an iarratasóir ar fhorghnóthas an deartha, nó le sealbhóir an fhorghnóthasa, nó le dearbhóir dhearbhu comhlíontachta dearaidh;
- (x) taifid a chomhlánú agus a choinneáil;
- (xi) inniúlacht agus cáilíochtaí an phearsanra a áirithiú;
- (xii) doiciméid eisiúna aeracmhainneachta a eisiúint;
- (xiii) láimhsiú, stóráil agus pacáil;
- (xiv) iniúchtaí cáilíochta inmheánacha agus na gníomhartha ceartaitheacha a rinneadh dá bharr;
- (xv) obair a dhéantar in aon ionad seachas na láithreáin oibriúcháin a áirítear sa dearbhú;
- (xvi) obair a dhéantar tar éis an táirgeadh a bheith déanta ach roimh an seachadadh, chun an t-aerárthach a chothabháil i riocht a oibríthe go sábháilte;
- (xvii) an iarraidh ar cheadanna eitleithe a eisiúint agus na dálaí eitleithe a ghabhann leo a fhorghnóthas;

3. forálacha sonracha a áireamh sna nósanna imeachta rialaithe le haghaidh codanna criticiúla ar bith.

- (c) Déanfaidh an eagraíocht táirgthe dhearbhaithe feidhm neamhspleách a bhunú, mar chuid dá chóras bainistíochta maidir le táirgeadh, chun faireachán a dhéanamh ar an gcaoi a gcomhlíonann an eagraíocht na ceanglais ábhartha, agus ar a leordhóthanáí atá an chóras bainistíochta táirgthe. Áireofar san fhaireachán sin córas chun aiseolas a thabhairt don duine nó don ghrúpa daoine dá dtagraítear i bpointe (c)(1) agus i bpointe (2) de phointe 21L.A.125 d'fhonn gníomh ceartaitheach a áirithiú de réir mar is gá.
- (d) Déanfaidh an eagraíocht táirgthe dhearbhaithe, mar chuid dá chóras bainistíochta do tháirgeadh, próisis agus nósanna imeachta, a áirithiú go gcomhlíonann na táirgí a tháirgtear na sonraí is infheidhme maidir leis an dearadh, a bhunú, a chothabháil agus a choimeád cothrom le dáta. Cuirfidh an eagraíocht táirgthe dhearbhaithe fianaise dhoiciméadach ar na próisis agus na nósanna imeachta sin ar fáil don údarás inniúil arna iarraidh sin dó.
- (e) Beidh nósanna imeachta i bhfeidhm ag an eagraíocht táirgthe dhearbhaithe lena áirithiú go ndéanfar aerárthaí nua-mhonaraithe a chothabháil i gcomhréir leis na teoracha cothabhála is infheidhme agus go gcoimeádfar i riocht aeracmhainneach iad agus, más infheidhme, go n-eiseofar deimhniú scaoilte chun seirbhíse i leith aon chothabhála atá curtha i gcrích.
- (f) Má tá ag an eagraíocht táirgthe dhearbhaithe deimhniú (nó deimhnithe) eagraíochta eile arna n-eisiúint ar bhonn Rialachán (AE) 2018/1139 agus na gníomhartha tarmlichte agus cur chun feidhme arna nglacadh ar a bhonn sin, féadfaidh an

eagraíocht táirgthe an córas bainistíochta táirgthe a chomhtháthú leis an gcóras bainistíochta a cheanglaítear chun an deimhniú nó na deimhnithe eile a eisiúint.

21L.A.125 Acmhainní na heagraíochta táirgthe dearbhaithe

Áiritheoidh an eagraíocht táirgthe dhearbhaithe na nithe seo a leanas:

- (a) go bhfuil saoráidí, dálaí oibre, trealamh agus uirlisí, próisis agus ábhair ghaolmhara, líon agus inniúlacht na foirne, agus an eagraíocht ghinearálta leordhóthanach chun a hoibleagáidí faoi phointe 21L.A.127 a chomhlíonadh;
- (b) maidir leis na sonraí uile is gá i dtaca le haeracmhainneacht agus cosaint an chomhshaoil:
 - 1. go bhfaigheann sí na sonraí sin ón nGníomhaireacht, agus ó dhearbhoir comhlíontachta an deartha nó ó shealbhóir an deimhnithe cineáil, nó an iarratasóra ar an deimhniú cineáil, nó ón bhformheas dearaidh, chun a chinneadh an gcomhlíonann sé na sonraí deartha is infheidhme;
 - 2. go bhfuil nós imeachta bunaithe aici chun a áirithiú go ndéanfar sonraí i dtaca le haeracmhainneacht agus le comhoiriúnacht chomhshaoil a ionchorprú i gceart ina sonraí táirgthe;
 - 3. go gcoinnítear na sonraí sin cothrom le dáta agus go gcuirtear ar fáil iad don phearsanra uile a dteastaíonn rochtain ar na sonraí sin uathu chun a ndualgais a chomhlíonadh;
- (c) maidir leis an mbainistíocht agus leis an bhfoireann:
 - 1. go ndéanfaidh an eagraíocht táirgthe dearbhaithe bainisteoir cuntasach a ainmniú a mbeidh údarás aige chun a áirithiú go ndéanfar, laistigh den eagraíocht, an táirgeadh ar fad de réir na gcaighdeán is gá agus go gcomhlíonann an eagraíocht táirgthe dearbhaithe go leanúnach ceanglais an chórais bainistíochta dá dtagraítear i bpointe (a) de phointe 21L.A.124, agus na próisis agus na nósanna imeachta a shainaithnítear i bpointe (d) de phointe 21L.A.124;
 - 2. go ndéanfaidh an bainisteoir cuntasach duine nó grúpa daoine a ainmniú lena áirithiú go gcomhlíonann an eagraíocht ceanglais na Fochoda seo, agus go déanfar é (iad) a shainaithint, mar aon le méid a n-údaráis. Beidh duine nó grúpa daoine den sórt sin freagrach don bhainisteoir cuntasach agus beidh rochtain dhíreach aige orthu. Beidh an t-eolas, an cúlra agus an taithí iomchuí acu chun a bhfreagrachtaí a chomhlíonadh;
 - 3. go mbeidh údarás iomchuí tugtha don fhoireann ar gach leibhéal chun go mbeidh siad in ann a gcuid freagrachtaí leithdháilte a chomhlíonadh agus go mbeidh comhordú iomlán agus éifeachtach laistigh den eagraíocht táirgthe dearbhaithe maidir le haeracmhainneacht agus le comhoiriúnacht chomhshaoil;
 - 4. déantar struchtúr eagrúcháin na heagraíochta mar aon leis an bpríomhphearsanra atá freagrach as a chinntiú go gcomhlíonann an eagraíocht an Fhochuid seo a dhoiciméadú agus a choinneáil cothrom le dáta;
- (d) maidir le pearsanra deimhnithe atá údaraithe ag an eagraíocht táirgthe dearbhaithe chun na doiciméid a eisítear faoi phointe 21L.A.126 a shíniú laistigh de raon feidhme gníomhaíochtaí táirgthe dearbhaithe:

1. go bhfuil eolas, cúlra (lena n-áirítear feidhmeanna eile san eagraíocht) agus taithí phearsanra deimhnithe iomchuí chun a gcuid freagrachtaí leithdháilte a chomhlíonadh;
2. go gcuirtear ar fáil don phearsanra deimhnithe fianaise de raon feidhme a n-údaraithe. Coimeádfaidh an eagraíocht táirgthe atá dearbhaithe liosta den fhoireann dheimhniúcháin.

21L.A.126 Raon feidhme na hoibre

- (a) Tá eagraíocht táirgthe dearbhaithe i dteideal a thaispeáint go gcomhlíonann na táirgí agus na páirteanna a thagann faoi raon feidhme na Roinne seo agus gur tháirg sí laistigh de raon feidhme na hoibre dearbhaithe, na sonraí deartha is infheidhme.
- (b) Tá eagraíocht táirgthe dearbhaithe i dteideal, le haghaidh aerárthaigh iomláin, tar éis ráiteas comhréireachta aerárthaigh a thaispeáint (Foirm 52BEASA), iarratas a dhéanamh:
 1. i gcás aerárthaigh a chomhlíonann dearadh cineáil a rinneadh é a fhormheas i gcomhréir le Fochuid B de Roinn B den Iarscríbhinn seo, ar dheimhniú aeracmhainneachta agus ar dheimhniú torainn;
 2. maidir le haerárthach atá i gcomhréir le dearadh ar dearbhaíodh go bhfuil a chomhlíonadh dearbhaithe i gcomhréir le Fochuid C den Iarscríbhinn seo, ar dheimhniú srianta ar aeracmhainneacht agus ar dheimhniú srianta torainn.
- (c) Tá eagraíocht táirgthe dhearbhaithe i dteideal deimhnithe scaoilte údaraithe (Foirm 1EASA) a eisiúint d'innill, liáin agus páirteanna atá i gcomhréir leis an méid seo a leanas:
 1. sonraí maidir le dearadh formheasta a eisítear i gcomhréir le Fochodanna B, D, E nó M de Roinn B den Iarscríbhinn seo;
 2. sonraí deartha dearbhaithe a bhfuil comhlíonadh deartha dearbhaithe ina leith i gcomhréir le Fochodanna C, F nó N den Iarscríbhinn seo;
 3. sonraí táirgthe bunaithe ar na sonraí riachtanacha formheasta maidir leis an dearadh arna soláthar ag sealbhóir ceadaithe an deartha deisiúcháin.
- (d) Tá eagraíocht táirgthe dhearbhaithe i dteideal na coinníollacha a mholadh le haghaidh aerárthaigh atá táirgthe aici agus a bhfuil comhréireacht na sonraí deartha is infheidhme deimhnithe aici ina leith, faoinar féidir leis an údarás inniúil ceadúnas eitilte a eisiúint faoi Fhochuid P d'Iarscríbhinn I (Cuid 21).
- (e) Tá eagraíocht táirgeachta dhearbhaithe i dteideal aerárthach nua a chothabháil a tháirg sí, de réir mar is gá chun é a choinneáil i riocht aeracmhainneach, mura rud é go gceanglaítear le Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014 go ndéanfar an chothabháil faoi na rialacha sin, agus deimhniú um scaoileadh chun seirbhíse a eisiúint (Foirm 53B EASA) i leith na cothabhála sin.

21L.A.127 Oibleagáidí na heagraíochta táirgthe dearbhaithe

- (a) Oibreoidh an eagraíocht táirgthe dhearbhaithe i gcomhréir le nósanna imeachta, cleachtais agus próisis atá sainithe go soiléir.
- (b) Má tá sé i gceist ag an eagraíocht táirgthe dhearbhaithe tástálacha eitilte a dhéanamh, déanfaidh sí lámhleabhar oibríochta a ullmhú, a chothabháil agus a choinneáil cothrom le dáta ina mbeidh cur síos ar bheartais agus ar phróisis na heagraíochta

maidir le tástáil eitilte. Cuirfidh an eagraíocht táirgthe dhearbhaithe an lámhleabhar seo ar fáil don údarás inniúil arna iarraidh sin.

- (c) I gcás aerárthaí críochnaithe, sula gcuirfidh sí ráiteas comhréireachta aerárthaigh (Foirm 52BEASA) faoi bhráid an údaráis inniúil, áiritheoidh an eagraíocht táirgthe dhearbhaithe go mbeidh an t-aerárthach i riocht lena oibriú go sábháilte agus go mbeidh sé i gcomhréir leis na nithe seo a leanas:
1. dearadh cineál-cheadaithe táirge cineál-deimhnithe arna eisiúint i gcomhréir le Fochuid B de Roinn B den Iarscríbhinn seo, nó
 2. sonraí maidir le dearadh aerárthaigh ar dearbhaíodh go bhfuil an dearadh á chomhlíonadh ina leith i gcomhréir le Fochuid C den Iarscríbhinn seo.
- (d) Maidir le táirgí (seachas aerárthaí iomlána) agus páirteanna, áiritheoidh an eagraíocht táirgthe dhearbhaithe sula n-eiseofar deimhniú eisiúna údaráithe (Foirm 1EASA) go bhfuil an táirge nó an chuid i riocht le hoibriú sábháilte agus go bhfuil sé i gcomhréir le dearadh cineál-cheadaithe táirge cineál-dheimhnithe arna eisiúint i gcomhréir le Fochuid B, Fochuid D, E nó M de Roinn B den Iarscríbhinn seo nó go bhfuil sé i gcomhréir le sonraí deartha aerárthaigh ar dearbhaíodh go bhfuil an dearadh á chomhlíonadh ina leith i gcomhréir le Fochuid C, Fochuid F nó M den Iarscríbhinn seo.
- (e) I gcás inneall, áiritheoidh an eagraíocht táirgthe dhearbhaithe go bhfuil an t-inneall críochnaithe i gcomhréir leis na ceanglais is infheidhme maidir le hastaíochtaí sceite innill is infheidhme ar dháta táirgthe an innill.
- (f) Áireoidh an eagraíocht táirgthe dhearbhaithe, in aon deimhnithe scaoilte údaráithe (Foirm EASA 1) a eiseoidh sí, an uimhir thagartha a d'eisigh an t-údarás inniúil i gcomhréir le pointe 21L.B.142 don eagraíocht táirgthe dhearbhaithe sin.
- (g) Áiritheoidh an eagraíocht táirgthe dhearbhaithe go ndéanfaidh an eagraíocht sonraí aon obair a chuirfear i gcrích a thaifeadadh.
- (h) Soláthróidh an eagraíocht táirgthe dhearbhaithe tacaíocht do shealbhóir an deartha nó do dhearbhoir dearbhaithe comhlíontachta dearadh maidir le haeracmhainneacht leanúnach le haghaidh táirgí nó páirteanna ar bith a tháirg siad.
- (i) Beidh córas cartlannaithe ag an eagraíocht táirgthe dhearbhaithe lena dtaipeadtar na ceanglais a cuireadh ar eagraíochtaí eile, amhail soláthróirí agus fochonraitheoirí. Cuirfidh an eagraíocht táirgthe dhearbhaithe na sonraí cartlannaithe ar fáil don údarás inniúil chun críochnaíochta aeracmhainneachta leanúnaí.
- (j) Chun aerárthach nua a tháirgeadh, áiritheoidh an eagraíocht táirgthe dhearbhaithe go gcoimeádfar an t-aerárthach i riocht aeracmhainneach agus go ndéanfar an chothabháil, lena n-áirítear aon deisiúchán is gá i gcomhréir leis na sonraí deartha is infheidhme, sula n-eiseofar ráiteas comhréireachta aerárthaigh (Foirm 52BEASA).
- (k) I gcás ina n-eisíonn an eagraíocht táirgthe dhearbhaithe deimhniú um scaoileadh chun seirbhíse tar éis na cothabhála sin, cinnfidh sí go ndearnadh an chothabháil is gá ar gach aerárthach críochnaithe agus go bhfuil sé i riocht a oibríthe go sábháilte, sula n-eiseofar an deimhniú sin.
- (l) Comhlíonfaidh an eagraíocht táirgthe dhearbhaithe na ceanglais i bhFochuid A den Iarscríbhinn seo is infheidhme maidir le heagraíocht táirgthe dhearbhaithe.

21L.A.128 Fógra faoi athruithe agus faoi scor gníomhaíochtaí

Cuirfidh an eagraíocht táirgthe dhearbhaithe an méid seo a leanas in iúl don údarás inniúil gan aon mhoill mhíchuí:

- (a) aon athruithe ar an bhfaisnéis arna dearbhú i gcomhréir le pointe (c) de phointe 21L.A.123;
- (b) aon athruithe ar an gcóras bainistíochta le haghaidh táirgthe a bhfuil tábhacht leo maidir le comhréireacht an táirge nó maidir le haeracmhainneacht agus saintréithe comhoiriúnachta comhshaoil an táirge nó na coda a thaispeáint;
- (c) cuid de na gníomhaíochtaí nó na gníomhaíochtaí go léir a chumhdaítear leis an dearbhú a scor.

FOCHUID H — DEIMHNITHE AERACMHAINNEACHTA AGUS DEIMHNITHE
SRIANTA AERACMHAINNEACHTA

21L.A.141 Raon Feidhme

Leis an bhFochuid seo bunaítear an nós imeachta chun iarratas a dhéanamh ar dheimhniú aeracmhainneachta nó ar dheimhniú srianta aeracmhainneachta i gcás aerárthaigh ar deimhníodh a dhearadh nó ar dearbhaíodh a dhearadh i gcomhréir leis an Iarscríbhinn seo, agus bunaítear léi cearta agus oibleagáidí na n-iarratasóirí ar na deimhnithe sin agus a shealbhóirí.

21L.A.142 Incháilitheacht

Féadfaidh aon duine nádúrtha nó dlítheanach a bhfuil aerárthach cláraithe faoina ainm nó a mbeidh sé cláraithe i mBallstát (“Ballstát cláraithe”) iarratas a dhéanamh ar dheimhniú aeracmhainneachta nó ar dheimhniú srianta aeracmhainneachta don aerárthach sin faoi na coinníollacha a leagtar síos san Fhochuid seo.

21L.A.143 Iarratas ar dheimhniú aeracmhainneachta nó ar dheimhniú srianta aeracmhainneachta

- (a) Déanfaidh duine nádúrtha nó dlítheanach iarratas ar dheimhniú aeracmhainneachta nó ar dheimhniú srianta aerfhiúntais i bhfoirm agus ar mhodh a bhunaigh údarás inniúil Bhallstát an chláráithe.
- (b) Féadfaidh duine nádúrtha nó dlítheanach iarratas a dhéanamh ar an méid seo a leanas:
 - 1. deimhniú aeracmhainneachta d’aerárthaí a chomhlíonann deimhniú cineáil a d’eisigh an Gníomhaireacht i gcomhréir le Fochuid B de Roinn B den Iarscríbhinn seo; nó
 - 2. deimhniú srianta aeracmhainneachta d’aerárthaí a chomhlíonann dearbhú comhlíontachta dearaidh i gcomhréir le Fochuid C den Iarscríbhinn seo atá cláraithe ag an nGníomhaireacht i gcomhréir le pointe 21L.B.63 tráth an iarratais.
- (c) I gcás aerárthaigh nua a bheidh i gcomhréir le deimhniú cineáil arna eisiúint ag an nGníomhaireacht, cuirfidh an t-iarratasóir na nithe seo a leanas san iarratas:
 - 1. ráiteas comhréireachta aerárthaigh (Foirm 52 EASA nó Foirm 52B EASA) a eiseoidh nó a shíneoidh:
 - (i) eagraíocht táirgthe a bhfuil a cumas táirgthe dearbhaithe aici faoi Fhochuid G den Iarscríbhinn seo agus atá cláraithe ag an údarás inniúil i gcomhréir le pointe 21L.B.142; nó
 - (ii) sealbhóir formheasta eagraíochta táirgthe faoi phribhléidí phointe (b) de phointe 21.A.163 d’Iarscríbhinn I (Cuid 21);
 - 2. tuarascáil meáchain agus cothromaíochta le sceideal lódála;
 - 3. an lámhleabhar eitlete más gá sin de réir an bhoinn deimhniúcháin cineáil is infheidhme.

- (d) I gcás aerárthaigh nua a bheidh i gcomhréir le dearbhú comhlíontachta dearaidh atá cláraithe ag an nGníomhaireacht, cuirfidh an t-iarratasóir na nithe seo a leanas san iarratas:
1. ráiteas comhréireachta aerárthaigh (Foirm 52B EASA) atá eisithe nó sínithe ag:
 - (i) duine nádúrtha nó dlítheanach i gcomhréir le Fochuid R den Iarscríbhinn seo;
 - (ii) eagraíocht táirgthe a bhfuil a cumas táirgthe dearbhaithe aici faoi Fhochuid G den Iarscríbhinn seo agus atá cláraithe ag an údarás inniúil i gcomhréir le pointe 21L.B.142; nó
 - (iii) sealbhóir formheasta eagraíochta táirgthe faoi phribhléidí phointe (d) de phointe 21.A.163 d'Iarscríbhinn I (Cuid 21);
 2. tuarascáil meáchain agus cothromaíochta le sceideal lódála;
 3. an lámhleabhar eitilte má cheanglaítear sin leis na sonraíochtaí teicniúla mionsonraithe is infheidhme maidir leis an dearbhú comhlíontachta dearaidh.
- (e) I gcás aerárthaigh a úsáideadh de thionscnamh Ballstáit, áireoidh an t-iarratasóir san iarratas deimhniú ar athbhreithniú aerfhiúntais arna eisiúint i gcomhréir le hIarscríbhinn I (Cuid-M) nó le hIarscríbhinn Vb (Cuid-ML) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014.
- (f) I gcás aerárthaigh úsáidte de thionscnamh Stáit nach Ballstát é, cuirfidh an t-iarratasóir na nithe seo a leanas san iarratas:
1. ráiteas ó údarás inniúil an Stáit ina bhfuil nó ina raibh an t-aerárthach cláraithe, a léireoidh stádas aeracmhainneachta an aerárthaigh tráth an aistrihe;
 2. na taifid stairiúla chun caighdeán táirgthe, modhnaithe agus cothabhála an aerárthaigh a bhunú;
 3. tuarascáil meáchain agus cothromaíochta le sceideal lódála;
 4. an lámhleabhar eitilte;
 5. moladh maidir le deimhniú aeracmhainneachta nó deimhniú srianta ar aeracmhainneacht agus deimhniú athbhreithnithe aeracmhainneachta a eisiúint de bhun athbhreithniú aeracmhainneachta i gcomhréir le hIarscríbhinn I (Cuid-M) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014 nó deimhniú um athbhreithniú aerfhiúntais i gcomhréir le hIarscríbhinn Vb (Cuid-ML) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014.
- (g) Mura gcomhaontófar a mhalairt, déanfar na ráitis dá dtagraítear i bpointí (c)(1), (d)(1) agus (f)(1) a eisiúint tráth nach déanaí ná 60 lá roimh thíolacadh an aerárthaigh d'údarás inniúil Bhallstát an chláraithe.

21L.A.144 Oibleagáidí an iarratasóra ar dheimhniú aeracmhainneachta nó ar dheimhniú srianta aeracmhainneachta

Déanfaidh an t-iarratasóir ar dheimhniú aeracmhainneachta nó ar dheimhniú srianta aeracmhainneachta an méid seo a leanas:

- (a) cuirfidh sé i láthair na lámhleabhair, na placáir, na liostaí agus na marcálacha ionstraime agus aon fhaisnéis eile is gá a éilítear leis an mbonn deimhniúcháin cineáil is infheidhme nó leis na sonraíochtaí mionsonraithe teicniúla is infheidhme le

haghaidh dearbhuithe maidir le comhlíonadh deartha i gceann amháin nó níos mó de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh atá inghlactha ag údarás inniúil Bhallstát an chláraithe;

- (b) a léiriú go bhfuil a n-aerárthaí sainaitheanta i gcomhréir le Fochuid Q den Iarscríbhinn seo;
- (c) socruithe a dhéanamh go ndéanfar cigireachtaí ar údarás inniúil Bhallstát an chláraithe chun a mheas an bhfuil aon neamh-chomhréireachtaí ag an aerárthach a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do shábháilteacht an aerárthaigh.

21L.A.145 Deimhniú aeracmhainneachta agus deimhniú srianta aeracmhainneachta laistigh de na Ballstáit a aistriú agus a atheisiúint

I gcás ina bhfuil athrú tagtha ar úinéireacht aerárthaigh:

- (a) má fhanann sé ar an gclár céanna, déanfar an deimhniú aeracmhainneachta, nó an deimhniú srianta aeracmhainneachta a eisíodh i gcomhréir le Fochuid H de Roinn B den Iarscríbhinn seo, a aistriú in éineacht leis an aerárthach;
- (b) má tá sé beartaithe an t-aerárthach a chlárú i mBallstát eile, déanfaidh an duine nádúrtha nó dlítheanach ar faoina ainm a chlárófar an t-aerárthach iarratas chuig údarás inniúil an Bhallstáit chláraithe nua ar dheimhniú nua aeracmhainneachta nó ar dheimhniú srianta aeracmhainneachta agus áireofar san iarratas seo an iardheimhniú aeracmhainneachta nó an deimhniú srianta aeracmhainneachta a eisíodh i gcomhréir le Fochuid H de Roinn B den Iarscríbhinn seo agus deimhniú bailí um athbheithniú aeracmhainneachta arna eisiúint i gcomhréir le hIarscríbhinn I (Cuid-M) nó le hIarscríbhinn Vb (Cuid-ML) de Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014.

21L.A.146 Leanúint de bhailíocht deimhnithe aerfhiúntais agus deimhnithe srianta aerfhiúntais

- (a) Beidh deimhniú aeracmhainneachta nó deimhniú srianta aerfhiúntais bailí ar na coinníollacha seo a leanas:
 - 1. go bhfanann an t-aerárthach ar an gclár céanna;
 - 2. nár thug an sealbhóir suas an deimhniú;
 - 3. leanfaidh an t-aerárthach de bheith i gcomhréir le ceanglais ábhartha Rialachán (AE) 2018/1139 agus na gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme arna nglacadh ar a bhonn agus leis an dearadh cineáil is infheidhme nó le sonraí deartha is infheidhme aerárthaigh ar dearbhaíodh comhlíonadh a dhearadh ina leith, agus na gceanglas maidir le haeracmhainneacht leanúnach, agus na forálacha maidir le láimhseáil na dtorthaí mar a shonraítear faoi phointe 21L.B.21 á gcur san áireamh;
 - 4. ní dharna údarás inniúil Bhallstát an chláraithe an deimhniú a chúlghairm faoi phointe 21L.B.22.
- (b) Nuair a thabharfar an deimhniú suas nó nuair a dhéanfar é a chúlghairm, tabharfar ar ais d'údarás inniúil Bhallstát na clárlainne é.

21L.A.161 Raon Feidhme

Leis an bhFochuid seo bunaítear an nós imeachta chun iarratas a dhéanamh ar dheimhniú torainn nó ar dheimhniú srianta torainn le haghaidh aerárthaigh a bhfuil a dhearadh deimhnithe nó dearbhaithe i gcomhréir leis an Iarscríbhinn seo agus bunaítear léi cearta agus oibleagáidí na n-iarratasóirí ar na deimhnithe sin agus a shealbhóirí.

21L.A.162 Incháilitheacht

Aon duine nádúrtha nó dlítheanach a bhfuil aerárthach cláraithe faoina ainm nó a mbeidh sé cláraithe i mBallstát, féadfaidh sé iarratas a dhéanamh ar dheimhniú torainn nó ar dheimhniú srianta torainn le haghaidh an aerárthaigh sin faoi na coinníollacha a leagtar síos san Fhochuid seo.

21L.A.163 Iarratas

- (a) Déanfaidh duine nádúrtha nó dlítheanach iarratas ar dheimhniú torainn nó ar dheimhniú srianta torainn i bhfoirm agus ar bhealach a bhunóidh údarás inniúil Bhallstát an chláráithe.
- (b) Féadfaidh duine nádúrtha nó dlítheanach iarratas a dhéanamh ar an méid seo a leanas:
 1. deimhniú torainn le haghaidh aerárthaí a chomhlíonann deimhniú cineáil arna eisiúint ag an nGníomhaireacht i gcomhréir le Fochuid B de Roinn B den Iarscríbhinn seo; nó
 2. deimhniú srianta torainn le haghaidh aerárthaí i gcomhréir le dearbhú comhlíontachta dearaidh arna chur isteach i gcomhréir le Fochuid C den Iarscríbhinn seo atá cláraithe ag an nGníomhaireacht i gcomhréir le pointe 21L.B.63 tráth an iarratais.
- (c) Cuirfidh an t-iarratasóir na nithe seo a leanas san iarratas:
 1. maidir le haerárthaí nua:
 - (i) ráiteas comhréireachta aerárthaigh (Foirm 52 EASA nó Foirm 52B EASA) a eiseoidh nó a shíneoidh:
 - (A) duine nádúrtha nó dlítheanach i gcomhréir le Fochuid R den Iarscríbhinn seo;
 - (B) eagraíocht táirgthe a bhfuil a cumas táirgthe dearbhaithe aici faoi Fhochuid G den Iarscríbhinn seo agus atá cláraithe ag an údarás inniúil i gcomhréir le pointe 21L.B.142; nó
 - (C) sealbhóir formheasta eagraíochta táirgthe faoi phribhléidí pointe (b) de phointe 21.A.163 d'Iarscríbhinn I (Cuid 21);
 - (ii) an tagairt don taifead torainn laistigh de bhunachar sonraí na Gníomhaireachta um leibhéil torainn lena léirítear an fhaisnéis torainn a chinntear i gcomhréir leis na ceanglais torainn is infheidhme;
 2. maidir le haerárthaí úsáidte:

- (i) an tagairt don taifead torainn laistigh de bhunachar sonraí na Gníomhaireachta um leibhéal torainn lena léirítear an fhaisnéis torainn a chinntear i gcomhréir leis na ceanglais torainn is infheidhme; agus
 - (ii) na taifid stairiúla chun caighdeán táirgthe, modhnaithe agus cothabhála an aerárthaigh a bhunú.
- (d) Mura gcomhaontófar a mhalairt, eiseofar na ráitis dá dtagraítear i bpointe (c)(1)(i) tráth nach déanaí ná 60 lá sula dtíolacfar an t-aerárthach d'údarás inniúil Bhallstát an chláraithe.

21L.A.164 Deimhnithe torainn agus deimhnithe srianta torainn a aistriú agus a atheisiúint laistigh de na Ballstáit

I gcás ina bhfuil athrú tagtha ar úinéireacht aerárthaigh:

- (a) má fhanann an t-aerárthach ar an gclár céanna, déanfar an deimhniú torainn, nó an deimhniú srianta torainn a eisíodh i gcomhréir le Fochuid I de Roinn B den Iarscríbhinn seo a aistriú in éineacht leis an aerárthach;
- (b) má tá sé beartaithe an t-aerárthach a chlárú i mBallstát eile, déanfaidh an duine nádúrtha nó dlítheanach a mbeidh an t-aerárthach cláraithe faoina ainm iarratas chuig údarás inniúil an Bhallstáit chláraithe nua ar dheimhniú nua torainn nó ar dheimhniú srianta torainn agus áireofar san iarratas seo an seandeimhniú torainn nó an deimhniú srianta torainn a eisíodh i gcomhréir le Fochuid I de Roinn B den Iarscríbhinn seo.

21L.A.165 Leanúint de bhailíocht deimhnithe torainn agus deimhnithe srianta torainn

- (a) Beidh deimhniú torainn nó deimhniú srianta torainn bailí a fhad is:
 - 1. go bhfanann an t-aerárthach ar an gclár céanna;
 - 2. nár thug an sealbhóir suas an deimhniú;
 - 3. leanfaidh an t-aerárthach de bheith i gcomhréir leis na ceanglais is infheidhme maidir le cosaint an chomhshaoil atá i Rialachán (AE) 2018/1139 agus na ngníomhartha tarmhligthe agus cur chun feidhme arna nglacadh ar a bhonn sin agus an dearadh cineáil is infheidhme nó sonraí deartha is infheidhme aerárthaigh ar dearbhaíodh comhlíonadh an dearaidh ina leith, agus na forálacha maidir le láimhseáil na dtorthaí mar a shonraítear faoi phointe 21L.B.21 á gcur san áireamh;
 - 4. ní dhearna údarás inniúil Bhallstát an chláraithe an deimhniú a chúlghairm faoi phointe 21L.B.22.
- (b) Nuair a thabharfar an deimhniú suas nó nuair a dhéanfar é a chúlghairm, tabharfar ar ais d'údarás inniúil Bhallstát na clárlainne é.

FOCHUID J – EAGRAÍOCHTAÍ DEARTHA DEARBHAITHE

21L.A.171 Raon Feidhme

Bunaítear an méid seo a leanas leis an bhfochuid seo:

- (a) an nós imeachta maidir leis an gcumas deartha ag daoine nádúrtha agus dlítheanacha a dhearann táirgí faoin Roinn seo a dhearbhu; agus
- (b) cearta agus oibleagáidí na ndaoine a dhéanann dearbhuithe maidir leis an gcumas dearaidh dá dtagraítear i bpointe (a).

21L.A.172 Incháilitheacht

Aon duine nádúrtha nó dlítheanach ('eagraíocht' san Fhochuid seo) a cheanglaítear le pointe 21L.A.22, pointe 21L.A.82 nó pointe 21L.A.204, chun a gcumas dearaidh a léiriú, féadfaidh sé a chumas a dhearbhu faoi na coinníollacha a leagtar síos san Fhochuid seo.

21L.A.173 Dearbhú ar chumas deartha

- (a) Roimh nó ag an am céanna a dhéanann sí iarratas ar fhormheas faoin Roinn seo, nó sula gcuirtear isteach an t-iarratas ar choinníollacha eitilte a fhormheas i gcomhréir le pointe 21.A.710 d'Iarscríbhinn I (Cuid 21) de tháirge arna cheapadh aici, cibé acu is túisce, cuirfidh an eagraíocht dearbhú cumais deartha faoi bhráid na Gníomhaireachta.
- (b) Is i bhfoirm agus ar mhodh a bhunóidh an Ghníomhaireacht a dhéanfar an dearbhú, agus aon athruithe a dhéanfar air ina dhiaidh sin.
- (c) Áireofar sa dearbhú an fhaisnéis is gá chun go mbeidh an Ghníomhaireacht eolach ar an eagraíocht agus ar an raon oibre atá beartaithe di, agus áireofar ann an méid seo a leanas ar a laghad:
 - 1. ainm cláraithe na heagraíochta;
 - 2. sonraí teagmhála maidir le seoladh cláraithe na heagraíochta maidir leis an bpríomhát ghnó agus, i gcás inarb infheidhme, maidir le láithreáin oibriúcháin na heagraíochta;
 - 3. ainmneacha agus sonraí teagmhála cheann na heagraíochta deartha;
 - 4. an raon oibre atá beartaithe;
 - 5. ráiteas lena ndeimhnítear an méid seo a leanas:
 - (i) tá córas bainistíochta deartha aige i gcomhréir le pointe (a) de phointe 21L.A.174; agus
 - (ii) coimeádfaidh sé nó sí an córas bainistíochta le haghaidh dearadh i gcomhréir leis an bhfochuid seo;
 - 6. ráiteas lena ndeimhnítear go gcloífadh an eagraíocht leis na próisis agus na nósanna imeachta a bunaíodh i gcomhréir le pointe (d) de phointe 21L.A.174;
 - 7. ráiteas go n-aontaíonn an eagraíocht oibleagáidí eagraíochta deartha dearbhaithe a ghlacadh uirthi féin i gcomhréir le pointe 21L.A.177.
- (d) Cuirfear an dearbhú ar an gcumas deartha faoi bhráid na Gníomhaireachta.

21L.A.174 Córas bainistíochta do dhearadh

- (a) Déanfaidh an eagraíocht deartha dearbhaithe córas bainistíochta a bhunú, a chur chun feidhme agus a chothabháil le haghaidh dearadh a mbeidh cuntasacht shoiléir agus freagrachtaí soiléire ag gabháil leis ar fud na heagraíochta ar fad:
1. go bhfreagraíonn sí do chineál agus do chastacht a gníomhaíochtaí agus do mhéid na heagraíochta, agus go gcuirtear san áireamh na guaiseacha agus na rioscaí gaolmhara a bhaineann go dlúth leis na gníomhaíochtaí sin;
 2. bunaítear é faoi chuntasacht bainisteora aonair a ainmníodh mar cheann na heagraíochta dearadh de réir phointe (a) de phointe 21L.A.175.
- (b) Beidh modh ag an eagraíocht deartha dhearbhaithe, mar chuid dá córas bainistíochta do dhearadh, chun dearbhú deartha a chur ar fáil trí chóras a bhunú, a chur chun feidhme agus a chothabháil chun dearadh na dtáirgí a rialú agus a mhaoirsiú, agus chun athruithe agus deisiúcháin dearthaí a dhéanamh. Déanfar an méid seo a leanas leis an gcóras sin:
1. áireofar leis feidhm aeracmhainneachta atá freagrach as a áirithiú go gcomhlíonann dearaí táirgí agus na dearaí d'athruithe agus de dheisiuithe a ghabhann leo an bonn deimhnithe cineáil is infheidhme agus na ceanglais is infheidhme maidir le cosaint an chomhshaoil;
 2. feidhm neamhspleách a bhunú, a chur chun feidhme agus a chothabháil chun an léiriú ar chomhlíonadh a dhearbhú ar a ndearbhóidh an eagraíocht go bhfuil an bonn deimhnithe cineáil is infheidhme á gcomhlíonadh agus go bhfuil na ceanglais is infheidhme maidir le cosaint an chomhshaoil á gcomhlíonadh;
 3. an bealach a shonrú ina dtugann an córas dearbhaithe deartha cuntas ar inghlacthacht na bpáirteanna a dhearann comhpháirtithe nó fochonraitheoirí nó na cúraimí a dhéanann siad de réir modhanna atá faoi réir nósanna imeachta i scríbhinn.
- (c) Déanfaidh an eagraíocht deartha dearbhaithe feidhm neamhspleách a bhunú, mar chuid dá córas bainistíochta don dearadh, chun faireachán a dhéanamh ar an gcaoi a gcomhlíonann an eagraíocht na ceanglais ábhartha, agus ar a leordhóthanaí atá an córas bainistíochta deartha. Áireofar san fhaireachán sin córas chun aiseolas a thabhairt don duine nó do ghrúpa daoine dá dtagraítear i bpointe (b) de phointe 21L.A.175, agus don bhainisteoir cuntasach dá dtagraítear i bpointe (a) de phointe 21L.A.175 chun gníomh ceartaitheach a áirithiú de réir mar is gá.
- (d) Déanfaidh an eagraíocht deartha dearbhaithe próisis agus nósanna imeachta a bhunú, a chothabháil agus a choinneáil cothrom le dáta lena n-áiritheofar go gcomhlíonfaidh dearadh na dtáirgí an bonn deimhniúcháin cineáil is infheidhme, na sonraíochtaí teicniúla mionsonraithe is infheidhme agus na ceanglais is infheidhme maidir le cosaint an chomhshaoil. Cuirfidh an eagraíocht deartha dhearbhaithe fianaise dhoiciméadach ar na próisis agus na nósanna imeachta sin ar fáil don Ghníomhaireacht arna iarraidh sin.
- (e) I gcás ina ndéanfaidh eagraíochtaí comhpháirtíochta nó fochonraitheoirí aon pháirt nó aon athrú ar na táirgí a dhearadh, beidh sna próisis agus sna nósanna imeachta i bpointe (d) cur síos maidir leis an gcaoi a mbeidh an eagraíocht deartha in ann a thabhairt, maidir le gach páirt, deimhniú comhlíontachta mar a cheanglaítear le pointe (b)(2), agus beidh ann, go díreach nó trí chrostagairt, tuairiscí agus faisnéis ar

na gníomhaíochtaí deartha agus ar eagrú na gcomhpháirtithe nó na bhfochonraitheoirí sin.

- (f) Má tá ag an eagraíocht deartha dhearbhaithe deimhniú(nó deimhnithe) eagraíochta eile arna n-eisiúint ar bhonn Rialachán (AE) 2018/1139 agus na gníomhartha tarmlichte agus cur chun feidhme arna nglacadh ar a bhonn sin, féadfaidh an eagraíocht deartha dearbhaithe an córas bainistíochta deartha a chomhtháthú leis an gcóras bainistíochta a cheanglaítear chun an deimhniú nó na deimhnithe eile a eisiúint.

21L.A.175 Acmhainní na heagraíochta deartha dearbhaithe

- (a) Ceapfaidh an eagraíocht deartha dhearbhaithe ceannasaí ar an eagraíocht deartha a mbeidh an t-údarás aige chun a áirithiú, laistigh den eagraíocht, go ndéanfar na gníomhaíochtaí deartha ar fad de réir na gcaighdeán is gá agus go gcomhlíonfaidh an eagraíocht deartha go leanúnach ceanglais an chórais bainistíochta deartha dá dtagraítear i bpointí (a) go (c) de phointe 21L.A.174 agus na próisis agus na nósanna imeachta a shonraítear sa lámhleabhar dá dtagraítear i bpointe (d) de phointe 21L.A.174.
- (b) Déanfaidh ceann na heagraíochta deartha príomhphearsanra laistigh den eagraíocht atá freagrach as na nithe seo a leanas a ainmniú agus a shainaithint:
1. a áirithiú go gcomhlíonann dearthaí na dtáirgí agus dearthaí na n-athruithe agus na ndeisiúcháin orthu an bonn deimhniúcháin cineáil is infheidhme, na sonraíochtaí teicniúla mionsonraithe is infheidhme agus na ceanglais is infheidhme maidir le cosaint an chomhshaoil;
 2. faireachán neamhspleách ar an bhfeidhm chomhlíonta agus leordhóthanachta; agus
 3. ag brath ar mhéid na heagraíochta, aon duine nó aon ghrúpa daoine eile atá ag teastáil lena áirithiú go bhfuil ceanglais na Roinne seo á gcomhlíonadh ag an eagraíocht.
- (c) Déanfaidh an duine nó an grúpa daoine arna shainaithint i bpointe (b) an méid seo a leanas:
1. beidh siad freagrach do cheannasaí na heagraíochta deartha agus beidh rochtain dhíreach aige orthu;
 2. beidh an t-eolas, an cúlra agus an taithí iomchuí acu chun a bhfreagrachtaí leithdháilte a chomhlíonadh.
- (d) Áiritheoidh an eagraíocht deartha dearbhaithe na nithe seo a leanas:
1. gur leor an líon foirne i ngach roinn theicniúil agus gur leor an taithí atá acu agus gur tugadh don údarás iomchuí a bheith in ann a gcuid freagrachtaí leithdháilte a chomhall agus gur leor iad sin, in éineacht leis an gcóiríocht, na háiseanna agus an trealamh, chun a chur ar chumas na foirne a áirithiú go bhfuil na táirgí a dearadh oiriúnach agus aeracmhainneach agus comhoiriúnach don chomhshaoil;
 2. go bhfuil comhordú iomlán agus éifeachtach laistigh den eagraíocht deartha atá dearbhaithe maidir le haeracmhainneacht agus le comhoiriúnacht chomhshaoil.
- (e) Doiciméadóidh an eagraíocht deartha dearbhaithe struchtúr eagraíochtúil a n-eagraíochta, mar aon leis an bpríomhphearsanra atá freagrach as a áirithiú go bhfuil

an eagraíocht i gcomhréir leis an bhFochuid seo, coinneoidh sí cothrom le dáta iad agus cuirfidh sí ar fáil don Ghníomhaireacht iad arna iarraidh sin di.

21L.A.176 Raon feidhme na hoibre

Sainaitheoidh an eagraíocht deartha dearbhaithe na cineálacha oibre deartha, na catagóirí táirgí a gcuirtear gníomhaíochtaí deartha i gcrích ina leith, agus na feidhmeanna agus na dualgais a fheidhmíonn an eagraíocht i dtaca le haeracmhainneacht agus comhoiriúnacht chomhshaoil táirgí.

21L.A.177 Oibleagáidí na heagraíochta deartha dearbhaithe

Déanfaidh eagraíocht deartha dhearbhaithe an méid seo a leanas:

- (a) oibriú i gcomhréir le nósanna imeachta, cleachtais agus próisis atá sainithe go soiléir;
- (b) má tá sé ar intinn ag an eagraíocht deartha dhearbhaithe tástáil eitle a dhéanamh, lámhleabhar oibríochta a choinneáil cothrom le dáta lena dtabharfar tuairisc ar bheartais agus ar phróisis na heagraíochta maidir le tástáil eitle agus a chuirfidh an lámhleabhar sin ar fáil don Ghníomhaireacht arna iarraidh sin di;
- (c) a chinneadh an bhfuil gnéithe neamhshábháilte ar dhearaí na dtáirgí, lena n-áirítear athruithe agus deisiúcháin, agus an bhfuil siad i gcomhréir leis an mbonn deimhniúcháin cineáil is infheidhme, agus leis na ceanglais is infheidhme maidir le cosaint an chomhshaoil, agus cuirfidh sé ráitis/doiciméadú ar fáil don Ghníomhaireacht ina ndeimhnítear sin;
- (d) cuirfidh sé faisnéis nó teoracha ar fáil don Ghníomhaireacht a bhaineann le gníomhaíochtaí i ndáil le haerfhiúntas leanúnach;
- (e) comhlíonfaidh siad na ceanglais i bhFochuid A den Iarscríbhinn seo is infheidhme maidir le heagraíochtaí deartha dearbhaithe.

21L.A.178 Fógra faoi athruithe agus faoi scor gníomhaíochtaí

Cuirfidh an eagraíocht deartha dearbhaithe an méid seo a leanas in iúl don Ghníomhaireacht gan moill mhíchuí:

- (a) aon athruithe ar an bhfaisnéis arna dearbhú i gcomhréir le pointe (c) de pointe 21L.A.173;
- (b) athruithe ar an gcóras bainistíochta maidir le dearadh atá suntasach chun comhlíonadh an táirge a dhear siad a léiriú;
- (c) cuid de na gníomhaíochtaí nó na gníomhaíochtaí go léir atá cumhdaithe ag an dearbhú a scor.

21L.A.191 Raon Feidhme

Leis an bhFochuid seo, leagtar síos conas a léireofar go gcomhlíonann páirteanna na gceanglas aerfhiúntais.

21L.A.192 Comhlíontacht a thaispeáint

- (a) Déanfar an léiriú seo a leanas ar chomhlíonadh na gceanglas aerfhiúntais a bhaineann le páirteanna atá le suiteáil i dtáirge a ndearnadh deimhniú cineáil air nó in aerárthach ar dearbhaíodh go bhfuil an dearadh á chomhlíonadh ina leith:
1. i gcomhcheangal leis na nósanna imeachta deimhniúcháin cineáil d’Fhochuid B, D nó E den Iarscríbhinn seo don táirge ina bhfuil sé le suiteáil; nó
 2. i dteannta na nósanna imeachta maidir le dearbhú comhlíontachta dearaidh i bhFochuid C nó i bhFochuid F den Iarscríbhinn seo don táirge ina bhfuil sé le suiteáil; nó
 3. faoin nós imeachta údaraithe ETSO le haghaidh Fochuid O de Roinn A d’Iarscríbhinn I (Cuid 21); nó
 4. i gcás codanna caighdeánacha, de réir caighdeán atá aitheanta go hoifigiúil.
- (b) I ngach cás ina n-éilítear formheas coda go sainráite i ndlí an Aontais nó i mbearta na Gníomhaireachta, comhlíonfaidh an chuid an ETSO is infheidhme nó na sonraíochtaí a aithníonn an Gníomhaireacht a bheith coibhéiseach sa chás áirithe sin.

21L.A.193 Scaoileadh páirteanna le haghaidh suiteála

- (a) Ní dhéanfar páirt nó táirge a shuiteáil i dtáirge ach amháin nuair a shainaitheoidh sealbhóir an deimhnithe cineáil, an deimhnithe cineáil bhreise, an athraithe dearaidh, an fhorghéasa deisiúcháin nó dearbhú comhlíontachta dearaidh iad mar dhearbhú atá oiriúnach don tsuiteáil, agus:
1. i riocht a oibríthe go sábháilte;
 2. marcáilte i gcomhréir le Fochuid Q den Iarscríbhinn seo; agus
 3. beidh deimhniú eisiúna údaraithe (Foirm EASA 1) ag gabháil leis lena ndeimhnítear gur monaraíodh an mhír i gcomhréir le sonraí an deartha is infheidhme.
- (b) De mhaolú ar pointe (a)(3) agus ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha i bpointe (c), ní éilítear deimhniú scaoilte údaraithe (Foirm 1EASA) sna codanna seo a leanas le go ndéanfar iad a shuiteáil i dtáirge cineál-dheimhnithe nó in aerárthach ar dearbhaíodh comhlíonadh an deartha ina leith:
1. cuid chaighdeánach;
 2. cuid atá:
 - (i) níl a ré teoranta, ná mar chuid den phríomhstruchtúr, ná mar chuid de rialtáin eitilte;
 - (ii) atá sainaitheanta chun go bhféadfaidh sealbhóir an deimhnithe cineáil, an deimhnithe cineáil bhreise, an athraithe dearaidh, an dearaidh deisiúcháin

a fhorhneas nó dearbhú comhlíontachta dearaidh iad a shuiteáil san aerárthach ar leith;

- (iii) le bheith suiteáilte in aerárthach a bhfuil a úinéir tar éis comhlíonadh na gcoinníollacha is infheidhme in (i) agus (ii) a fhíorú, agus a ghlac freagracht as an gcomhlíonadh sin;
 - 3. cuid diomaibhseach ó thaobh sábháilteachta de ar an táirge de thoradh neamh-chomhréireachta na sonraí maidir lena dhearadh formheasta nó na sonraí dearaidh dearbhaithe agus a shainaitníonn sealbhóir an fhorhneas deartha nó an dearbhóir deartha mar sin í sna teoracha maidir le haeracmhainneacht leanúnach. D'fhonn na héifeachtaí sábháilteachta atá ag cuid neamh-chomhréireach a chinneadh, féadfaidh sealbhóir formheasa an deartha nó dearbhóir dearbhaithe comhlíontachta a shuíomh sna teoracha maidir leis na gníomhaíochtaí fíoraithe sonracha aeracmhainneachta leanúnaí a bheidh le déanamh ag suiteálaí na páirte ar an táirge;
 - 4. i gcás ina ndéantar athrú caighdeánach de réir phointe 21L.A.102 nó deisiúchán caighdeánach de réir phointe 21L.A.202 a oiriúnú, cuid ar beag an tionchar a bhíonn ag neamh-chomhréireacht sonraí a dearaidh ar an táirge, agus go n-aithnítear amhlaidh an chuid sin sna sonraíochtaí deimhniúcháin le haghaidh athruithe caighdeánacha agus deisiúcháin chaighdeánacha arna n-eisiúint i gcomhréir le pointe 21.B.70 d'Iarscríbhinn I (Cuid 21). D'fhonn éifeachtaí sábháilteachta cuid neamhchomhréireach a chinneadh, féadfar gníomhaíochtaí sonracha fíorúcháin a bheidh le déanamh ag an duine a shuiteálann an chuid den táirge a bhunú sna sonraíochtaí deimhniúcháin seo;
 - 5. cuid atá díolmhaithe ó fhorhneas aerfhiúntais i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 ón gCoimisiún³; agus
 - 6. cuid is ítim de chóimeáil níos airde a shainaitnítear i bpointí (b)(1) go (b)(5).
- (c) Tá páirteanna a liostaítear i bpointe (b) incháilithe le haghaidh suiteála i dtáirge cineál-dheimhnithe nó in aerárthach ar dearbhaíodh go bhfuil comhlíonadh deartha ina leith gan Foirm 1 EASA a bheith ag gabháil leis, ar choinníoll go bhfuil doiciméad ag an suiteálaí a d'eisigh an duine nó an eagraíocht a mhonaraigh an chuid, ina ndearbhaítear ainm na páirte, uimhir na páirte, agus comhréireacht na coda lena sonraí dearaidh, agus ina bhfuil an dáta eisiúna.

³ Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 ón gCoimisiún an 5 Deireadh Fómhair 2012 lena leagtar síos ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le hoibríochtaí aeir de bhun Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 296, 25.10.2012, lch. 1).

FOCHUID M – DEARADH DEISIÚCHÁN AR THÁIRGÍ CINEÁL-DEIMHNITHE

21L.A.201 Raon Feidhme

Bunaítear an méid seo a leanas leis an bhfochuid seo:

- (a) an nós imeachta chun cur isteach ar fhormheasanna dearthaí deisiúcháin i leith táirgí cineálcheadaithe;
- (b) cearta agus oibleagáidí na n-iarratasóirí ar na formheasanna sin dá dtagraítear i bpointe (a), agus sealbhóirí na bhformheasanna sin;
- (c) forálacha maidir le deisiúcháin chaighdeánacha nach gá ceadú a fháil ina leith.

21L.A.202 Deisiúcháin chaighdeánacha

- (a) Is éard atá i ndeisiúchán caighdeánach ná dearthaí deisiúcháin ar tháirge cineál-deimhnithe arna fhorghas i gcomhréir le Fochuid B de Roinn B den Iarscríbhinn seo agus:
 - 1. leanfaidh sé na sonraí deartha a áirítear sna sonraíochtaí deimhniúcháin a d'eisigh an Ghníomhaireacht, ina mbeidh na modhanna, na teicnící agus na cleachtais is inghlactha maidir le deisiúcháin chaighdeánacha a dhéanamh agus a shainnithint, lena n-áirítear na treoracha gaolmhara maidir le haeracmhainneacht leanúnach; agus
 - 2. nach bhfuil ag teacht salach ar shonraí shealbhóir an deimhnithe cineáil sin.
- (b) Níl pointí 21L.A.203 go 21L.A.211 infheidhme maidir le deisiúcháin chaighdeánacha.

21L.A.203 Dearaí deisiúcháin a Aicmiú ar tháirge cineál-deimhnithe

- (a) Aicmeofar dearáí deisiúcháin ar tháirge cineál-dheimhnithe mar mhiondearthaí nó mar mhórdhearthaí.
- (b) Is éard is ‘miondeisiú’ dearadh deisiúcháin nach bhfuil éifeacht shuntasach aige ar mhais, ar chothromaíocht, ar neart struchtúrach, ar iontaofacht, ar leibhéal deimhnithe torainn nó astaíochtaí, ar shaintréithe oibríochtúla, ná ar shaintréithe eile a dhéanann difear d’aeracmhainneacht nó do chomhoiriúnacht chomhshaoil an táirge.
- (c) Is ‘mórdheisiúcháin’ iad gach dearadh deisiúcháin eile.
- (d) Is iad na ceanglais maidir le miondearthaí deisiúcháin a fhorghas na ceanglais a bhunaítear i bpointe 21L.A.207.
- (e) Is iad na ceanglais maidir le mórdearthaí deisiúcháin a fhorghas na ceanglais a bhunaítear i bpointe 21L.A.208.

21L.A.204 Incháilitheacht

- (a) Féadfaidh aon duine nádúrtha nó dlítheanach a léirigh a chumas dearaidh i gcomhréir le pointe 21L.A.23, nó atá i mbun a gcumas dearaidh a léiriú i gcomhréir le pointe 21L.A.23, iarratas a dhéanamh ar fhorghas ar mhórdearadh deisiúcháin ar tháirge atá deimhnithe de réir na gcoinníollacha atá leagtha síos san Fhochuid seo.

- (b) Féadfaidh aon duine nádúrtha nó dlítheanach iarratas a dhéanamh ar mhiondearadh deisiúcháin a fhorpheas i leith táirge cineálcheadaithe faoi na coinníollacha atá leagtha síos san Fhochuid seo.

21L.A.205 Iarratas ar dhearadh deisiúcháin a fhorpheas i leith táirge cineál-deimhnithe

- (a) Is i bhfoirm agus i modh a bhunóidh an Ghníomhaireacht a dhéanfar iarratas ar dhearadh deisiúcháin ar tháirge cineál-dheimhnithe a fhorpheas.
- (b) Chun mórdhearadh deisiúcháin a fhorpheas, áireoidh an t-iarratasóir plean taispeána comhlíontachta san iarratas, nó cuirfidh sé isteach i ndiaidh an iarratais tosaigh é:
1. ina mbeidh tuairisc ar an damáiste agus ar dhearadh an deisiúcháin, lena saináithnítear cumraíocht an deartha cineáil ar a ndéantar an dearadh deisiúcháin;
 2. réimsí uile an deartha cineáil agus na lámhleabhair fhorpheasta a athraíonn nó a ndéanann dearadh an deisiúcháin difear dóibh a shainaithint;
 3. aon ath-imscrúduithe a shainaithint a mbeidh gá leo chun a léiriú go bhfuil an dearadh deisiúcháin agus na limistéir a ndéanann an dearadh deisiúcháin difear dóibh leis an mbonn deimhniúcháin cineáil agus leis na ceanglais is infheidhme maidir le cosaint an chomhshaoil, arna n-ionchorprú de réir tagairtí, de réir mar is infheidhme, sa deimhniú cineáil nó sa deimhniú cineáil forlíontach;
 4. aon leasuithe a bheartaítear a dhéanamh ar an mbonn deimhniúcháin cineáil agus a ionchorprófar de réir mar is infheidhme sa deimhniú cineáil nó sa deimhniú cineáil forlíontach a shainaithint;
 5. ina sonrúfar cé acu a d'ullmhaigh nó a ullmóidh an t-iarratasóir na sonraí deimhniúcháin go hiomlán nó a ullmóidh sé nó sí iad go hiomlán nó ar bhonn socraithe le húinéir na sonraí deimhniúcháin cineáil.

21L.A.206 Léiriú comhlíontachta

- (a) Taispeánfaidh an t-iarratasóir ar fhorpheas ar mhórdhearadh deisiúcháin go bhfuil an bonn deimhniúcháin cineáil is infheidhme agus na ceanglais is infheidhme maidir le cosaint an chomhshaoil arna mbunú agus arna gcur in iúl don iarratasóir ag an nGníomhaireacht i gcomhréir le pointe 21L.B.201 agus soláthróidh sé don Ghníomhaireacht na modhanna ar a léiríodh comhlíonadh den sórt sin.
- (b) Déanfaidh an t-iarratasóir ar mhórdhearadh deisiúcháin a fhorpheas bonn cirt taifeadta a sholáthar don Ghníomhaireacht maidir leis na modhanna comhlíonta sna doiciméid maidir le comhlíonadh de réir an phlean taispeána um chomhlíonadh.
- (c) Agus tástáil agus cigireachtaí á ndéanamh aige chun comhlíonadh a léiriú i gcomhréir le pointe (a), beidh an fíorú sin fíoraithe agus doiciméadaithe ag an iarratasóir sula ndéanfaidh sé aon tástáil:
1. i gcás an eiseamail tástála:
 - (i) go gcomhlíonann na hábhair agus na próisis go leordhóthanach sonraíochtaí an deartha cineáil atá beartaithe;
 - (ii) go bhfuil comhpháirteanna na dtáirgí i gcomhréir go leormhaith leis na líníochtaí atá sa dearadh cineáil atá beartaithe;

- (iii) go bhfuil na próisis mhonaraíochta, an tógáil agus an chóimeáil i gcomhréir go leordhóthanach leis na próisis a shonraítear sa dearadh cineáil atá beartaithe; agus
- 2. go raibh an trealamh tástála agus tomhais a úsáideadh don tástáil leordhóthanach don tástáil agus go raibh sé calabraithe mar is iomchuí.
- (d) Déanfar an tástáil eitilte chun go bhformheasfar mórdhearadh deisiúcháin i gcomhréir leis na modhanna le haghaidh tástála eitilte den sórt sin arna sonrú ag an nGníomhaireacht. Déanfaidh an t-iarratasóir na tástálacha eitilte uile is gá chun a chinneadh an gcomhlíontar an bonn deimhnithe cineáil is infheidhme agus na ceanglais is infheidhme maidir le cosaint an chomhshaoil.
- (e) Ceadóidh iarratasóir ar fhormheas ar mhórdhearadh deisiúcháin don Gníomhaireacht an méid seo a leanas a dhéanamh:
 - 1. déanfaidh siad athbhreithniú ar aon sonraí agus ar aon fhaisnéis a bhaineann leis an léiriú ar chomhlíonadh;
 - 2. aon tástáil nó cigireacht a dhéantar chun críche a thaispeáint go bhfuil siad á gcomhlíonadh a dhéanamh nó a dhéanamh; agus
 - 3. má mheastar gur gá sin, déanfaidh siad iniúchadh fisiceach ar an táirge deisithe chun a fhíorú go gcomhlíonann an dearadh an bonn de dheimhniúchán cineáil agus na ceanglais is infheidhme maidir le cosaint an chomhshaoil.
- (f) Ar an léiriú comhlíontachta a bheith críochnaithe, dearbhóidh an t-iarratasóir chuig an nGníomhaireacht:
 - 1. gur léirigh siad go bhfuil bonn an deimhniúcháin cineáil agus na ceanglais is infheidhme maidir le cosaint an chomhshaoil á gcomhlíonadh acu arna mbunú agus arna gcur in iúl don iarratasóir ag an nGníomhaireacht i gcomhréir le pointe 21L.B.201, de réir an phlean taispeána comhlíontachta; agus
 - 2. níor aithníodh aon ghné ná saintréith a d'fhéadfadh an táirge leis an dearadh deisiúcháin a dhéanamh neamhshábháilte nó neamh-chomhoiriúnach don chomhshaoil do na húsáidí a n-iarrtar deimhniú ina leith.

21L.A.207 Ceanglais maidir le miondearadh deisiúcháin a fhormheas

Le go n-eiseofar formheas miondearadh deisiúcháin do tháirge cineál-dheimhnithe dó, déanfaidh an t-iarratasóir an méid seo a leanas:

- (a) a léiriú go gcomhlíonann dearadh an deisiúcháin agus na limistéir a bhfuil tionchar ag dearadh an deisiúcháin orthu:
 - 1. leis an mbonn deimhniúcháin cineáil agus leis na ceanglais is infheidhme maidir le cosaint an chomhshaoil arna gcorprú de réir tagairtí sa deimhniú cineáil; nó
 - 2. má roghnaíonn an t-iarratasóir iad a fháil, maille leis na sonraíochtaí deimhniúcháin is infheidhme maidir leis an táirge ar dháta an iarratais ar fhormheas an deartha deisiúcháin;
- (b) comhlíonadh an bhoinn deimhniúcháin cineáil agus na ceanglais is infheidhme maidir le cosaint an chomhshaoil a dhearbhu, ar ceanglais iad a bhfuil feidhm acu i gcomhréir le pointe (a)(1), nó na sonraíochtaí deimhniúcháin arna roghnú i gcomhréir le pointe (a)(2) a thairfeadh, na réasúinthe maidir le comhlíonadh sna

doiciméid maidir le comhlíonadh a thaifeadadh, agus a thaifeadadh nár aithníodh aon ghné nó tréith nár sainaitníodh aon ghné ná saintréith a d'fhéadfadh an táirge athraithe a dhéanamh contúirteach nó neamh-chomhoiriúnach don chomhshaoil i gcás na n-úsáidí a bhfuil deimhniú á iarraidh ina leith;

- (c) an t-údar atá le comhlíonadh an deisiúcháin agus an dearbhaithe comhlíontachta a chur faoi bhráid na Gníomhaireachta.

21L.A.208 Ceanglais maidir le mórdearadh deisiúcháin a fhorghnó

Chun go n-eisofar formheas mórdearadh deisiúcháin do tháirge cineál-dheimhnithe dó, déanfaidh an t-iarratasóir an méid seo a leanas:

- (a) léireoidh siad go gcomhlíonann an dearadh deisiúcháin agus na limistéir a ndéanann an dearadh deisiúcháin difear dóibh an bonn deimhnithe cineáil agus na ceanglais infheidhme maidir le cosaint an chomhshaoil arna mbunú agus arna gcur in iúl don iarratasóir ag an nGníomhaireacht i gcomhréir le pointe 21L.B.201;
- (b) a léiriú go bhfuil siad i gcomhréir le pointe 21L.A.206;
- (c) má shonraigh an t-iarratasóir gur sholáthair siad sonraí deimhniúcháin ar bhonn socraithe le húinéir na sonraí deimhniúcháin cineáil i gcomhréir le pointe 21L.A.205(b)(5), go léireoidh sealbhóir an deimhnithe cineáil:
 - 1. nach bhfuil aon agóid theicniúil aici i gcoinne na faisnéise arna cur isteach faoi phointe 21L.A.205; agus
 - 2. d'aontaigh sé comhoibriú leis an iarratasóir chun a áirithiú go gcomhlíonfar na hoibleagáidí uile maidir le haeracmhainneacht leanúnach an táirge deisithe trí phointí 21L.A.28 agus 21L.A.88 a chomhlíonadh;
- (d) a léiriú nach bhfuil aon saincheistanna gan réiteach ón iniúchadh fisiceach ar an gcéad airteagal den táirge sin leis an dearadh deisiúcháin sa chumraíocht dheirdh athraithe arna déanamh ag an nGníomhaireacht i gcomhréir le pointe 21L.A.206(e)(3).

21L.A.209 Dearadh deisiúcháin a cheadú faoi phribhléid

- (a) Féadfaidh eagraíocht deartha fhorghnó formheas a dhéanamh ar dhearadh deisiúcháin atá deartha aici gan iarratas a dhéanamh i gcomhréir le pointe 21L.A.205 i gcomhréir le raon feidhme na bpríobhléidí dá bhforáiltear i bpointí (2) agus (5) de phointe 21.A.263(c) d'Iarscríbhinn I (Cuid 21) in ionad na Gníomhaireachta, mar a thaifeadtar i dtéarmaí an fhorghnó.
- (b) Agus formheas deisiúcháin á eisiúint i gcomhréir le pointe (a), déanfaidh an eagraíocht deartha an méid seo a leanas:
 - 1. a áirithiú go bhfuil na sonraí bunúcháin agus na réasúinuithe ar fad ar fáil;
 - 2. a áirithiú gur léiríodh agus gur dearbhaíodh i gcomhréir le pointe 21L.A.206 go gcomhlíonann an t-athrú an bonn deimhniúcháin cineáil agus na ceanglais is infheidhme maidir le cosaint an chomhshaoil de réir phointe (a) de phointe 21L.A.207 nó pointe (a) de phointe 21L.A.208;
 - 3. a dheimhniú nár aimsíodh an méid seo a leanas:

- (i) aon neamhchomhlíonadh leis an mbonn deimhniúcháin cineáil nó, i gcás inarb infheidhme, leis na ceanglais is infheidhme maidir le cosaint an chomhshaoil, nó leis na sonraíochtaí deimhniúcháin a roghnaíodh;
 - (ii) aon ghné nó aon saintréith den deisiú a d'fhéadfadh an tairge athraithe a dhéanamh neamhshábháilte nó neamh-chomhoiriúnach don chomhshaoil do na húsáidí a n-iarrtar deimhniú ina leith;
4. formheas deisiúcháin a theorannú don chumraíocht shonrach nó do na cumraíochtaí sonracha sa deimhniú cineáil lena mbaineann an deisiú.

21L.A.210 Oibleagáidí sealbhóir ar fhorpheas maidir le dearadh deisiúcháin

Déanfaidh sealbhóir an fhorpheasa deisiúcháin an méid seo a leanas:

- (a) murab iad an deimhniú cineáil nó sealbhóir forlíontach an deimhnithe cineáil iad, agus gur soláthraíodh sonraí deimhniúcháin i gcomhréir le 21L.A.205 (b)(5), socrú a bhunú leis an sealbhóir ábhartha;
- (b) na treoracha go léir is gá a chur ar fáil don eagraíocht a dhéanann an deisiú chun dearadh an deisiúcháin a shuiteáil nó a chorprú;
- (c) tacaíocht a thabhairt d'aon eagraíocht táirgthe a tháirgeann páirteanna do dhearadh an deisiúcháin, agus a áirithiú go dtáirgtear na páirteanna sin trí úsáid a bhaint as sonraí táirgthe atá bunaithe ar shonraí an deartha arna soláthar ag an sealbhóir ar fhorpheas an deisiúcháin;
- (d) a áirithiú go n-áirítear i ndearadh an deisiúcháin na treoracha agus na teorainneacha uile is gá, má fhorpheastar dearadh deisiúcháin faoi réir teorainneacha. Déanfaidh sealbhóir an fhorpheasa deartha deisiúcháin na treoracha agus na teorainneacha sin a tharchur chuig an oibreoir i gcomhréir le nós imeachta arna chomhaontú leis an nGníomhaireacht;
- (e) na hoibleagáidí a bhaineann le sealbhóir formheasta dearaidh deisiúcháin Fochuid A den Iarscríbhinn seo a ghlacadh air féin.

21L.A.211 Damáiste neamhdheisithe

Maidir le damáiste do tháirge ar a ndearnadh formheas ar a dhearadh i gcomhréir le Roinn B, féadfaidh sé nach gá dearadh deisiúcháin a dhéanamh air má thugann meastóireacht ar na hiarmhairtí aerfhiúntais údar leis. Beidh meastóireacht den sórt sin le déanamh ag an nGníomhaireacht nó ag eagraíocht deartha atá formheasta go hiomchuí i gcomhréir le Fochuid J de Roinn A d'Iarscríbhinn I (Cuid 21), faoi nós imeachta a nglacann an Gníomhaireacht leis. Má chinntear sa mheastóireacht go n-éilítear teorainneacha leis an damáiste nach bhfuil freagra air, próiseálfar iad sin i gcomhréir le pointe (d) de phointe 21L.A.210.

FOCHUID N — DEARADH DEISIÚCHÁIN AR AERÁRTHAÍ A BHFUIL
COMHLÍONADH DEARAIDH DEARBHAITHE INA LEITH

21L.A.221 Raon Feidhme

Bunaítear an méid seo a leanas leis an bhfochuid seo:

- (a) an nós imeachta maidir le comhlíonadh dearthaí deisiúcháin a dhearbú d'aerárthach a bhí faoi réir dearbhú a rinneadh i gcomhréir le Fochuid C den Iarscríbhinn seo;
- (b) cearta agus oibleagáidí an dearbhóra a dhéanann dearbhú go gcomhlíontar an t-athrú dá dtagraítear i bpointe (a);
- (c) forálacha maidir leis na deisiúcháin chaighdeánacha nach gá dearbhú comhlíontachta dearaidh ina leith.

21L.A.222 Deisiúcháin chaighdeánacha

- (a) Is éard atá i gceist le deisiúcháin chaighdeánacha dearaí deisiúcháin ar aerárthach a bhí faoi réir dearbhú a rinneadh i gcomhréir le Fochuid C den Iarscríbhinn seo agus:
 - 1. leanfaidh sé na sonraí deartha a áirítear sna sonraíochtaí deimhniúcháin a d'eisigh an Ghníomhaireacht, ina mbeidh na modhanna, na teicnící agus na cleachtais is inghlactha maidir le deisiúcháin chaighdeánacha a dhéanamh agus a shaináithint, lena n-áirítear na teoracha gaolmhara maidir le haeracmhainneacht leanúnach; agus
 - 2. nach bhfuil ag teacht salach ar na sonraí deartha a chumhdaítear leis an dearbhú maidir le comhlíonadh dhearadh an aerárthaigh arna dhéanamh i gcomhréir le Fochuid C den Iarscríbhinn seo.
- (b) Níl pointí 21L.A.223 go 21L.A.229 infheidhme maidir le deisiúcháin chaighdeánacha.

21L.A.223 Dearaí deisiúcháin a Aicmiú ar aerárthach ar dearbhaíodh comhlíonadh an deartha ina leith

- (a) Déanfar dearthaí deisiúcháin d'aerárthach a bhí faoi réir dearbhú a rinneadh i gcomhréir le Fochuid C den Iarscríbhinn seo a aicmiú mar mhór nó mar mhionaoiseach, agus úsáid á baint as na critéir a leagtar síos i bpointe (b) agus i bpointe (c) de 21L.A.203.
- (b) Dearbhófar go bhfuil an dearadh i gcomhréir le miondearadh deisiúcháin i gcomhréir le pointe 21L.A.225.
- (c) Dearbhófar go bhfuil an dearadh á chomhlíonadh i gcomhréir le pointe 21L.A.226.

21L.A.224 Incháilitheacht

- (a) Dearbhóir a rinne dearbhú maidir le comhlíonadh dhearadh an aerárthaigh i gcomhréir le Fochuid C den Iarscríbhinn seo, féadfaidh sé a dhearbú go bhfuil miondearadh deisiúcháin an aerárthaigh sin á chomhlíonadh faoi na coinníollacha a leagtar síos san Fhochuid seo. Ina theannta sin, féadfaidh eagraíocht deartha atá formheasta i gcomhréir le pointe (c)(3) de phointe 21.A.263 d'Iarscríbhinn I (Cuid 21) dearbhú comhlíontachta den sórt sin a dhéanamh freisin, faoi na coinníollacha a leagtar síos san Fhochuid seo.

- (b) Is é an dearbhóir a rinne dearbhú maidir le comhlíonadh dearadh aerárthaí i gcomhréir le Fochuid C den Iarscríbhinn seo, agus an dearbhóir sin amháin, a fhéadfaidh a dhearbú go bhfuil mórdearadh deisiúcháin á chomhlíonadh ag aerárthach ar dearbhaíodh go bhfuil an dearadh á chomhlíonadh ina leith i gcomhréir le Fochuid C den Iarscríbhinn seo, faoi na coinníollacha a leagtar síos san Fhochuid seo.
- (c) De mhaolú ar phointe (b), más rud é nach bhfuil an dearbhóir a rinne dearbhú maidir le comhlíonadh dhearadh an aerárthaigh i gcomhréir le Fochuid C den Iarscríbhinn seo gníomhach a thuilleadh nó má tá sé mífhreagrach d'iarrataí ar dhearaí deisiúcháin, féadfaidh eagraíocht deartha atá formheasta i gcomhréir le pointe (c)(2) de phointe 21.A.263 d'Iarscríbhinn I (Cuid 21) comhlíonadh dearaidh aerárthaigh athraithe a dhearbú i gcomhréir le Fochuid C den Iarscríbhinn seo laistigh de raon feidhme a dtéarmaí formheasta, nó ag aon duine nádúrtha nó dlítheanach atá in ann a leagan síos.

21L.A.225 dearbhú comhlíontachta dearaidh le haghaidh miondearthaí deisiúcháin

- (a) Sula n-ionchorprófar nó sula gcorprófar nó sula n-aontófar eagraíocht táirgthe chun miondearadh a ionchorprú nó a chorprú in aerárthach ar dearbhaíodh comhlíonadh deartha ina leith i gcomhréir le Fochuid C den Iarscríbhinn seo, dearbhóidh an dearbhóir nó an eagraíocht a dhear an miondeisiú go gcomhlíonann an miondearadh deisiúcháin na sonraíochtaí teicniúla mionsonraithe agus na ceanglais is infheidhme maidir le cosaint an chomhshaoil ar dearbhaíodh comhlíonadh ina leith de réir phointe 21L.A.43.
- (b) Déanfar an dearbhú comhlíontachta dearaidh i bhfoirm agus ar mhodh a bhunóidh an Ghníomhaireacht.
- (c) Déanfaidh an dearbhóir nó an eagraíocht a dhear an mionathrú clár de mhiondearthaí deisiúcháin a choinneáil ar bun maidir le haerárthaí ar dearbhaíodh comhlíonadh an deartha ina leith, agus cuirfidh sé ar fáil don Ghníomhaireacht, arna iarraidh sin, aon dearbhú a rinneadh i gcomhréir le pointe (a).

21L.A.226 dearbhú comhlíontachta dearaidh dearaí móra deisiúcháin

- (a) Sula n-ionchorprófar nó sula gcorprófar nó sula n-aontóidh sé le heagraíocht táirgthe mórdhearadh a ionchorprú nó a chorprú in aerárthach ar dearbhaíodh comhlíonadh an dearaidh ina leith i gcomhréir le Fochuid C den Iarscríbhinn seo, dearbhóidh an dearbhóir go gcomhlíonann dearadh an mhórdheisiúcháin na sonraíochtaí teicniúla mionsonraithe agus na ceanglais is infheidhme maidir le cosaint an chomhshaoil ar dearbhaíodh comhlíonadh ina leith de réir phointe 21L.A.43.
- (b) Déanfar an dearbhú comhlíontachta dearaidh i bhfoirm agus ar mhodh a bhunóidh an Ghníomhaireacht.
- (c) Beidh an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad sa dearbhú:
